AG TROID AR DO SHON

FIGHTING FOR YOU

Sinn Féin

FORÓGRA
SHINN FÉIN DON
TOGHCHÁN ÁITIÚIL
2019

Sinn Féin

AG TROID AR DO SHON

FIGHTING FOR YOU

ÁBHAR

LITIR Ó UACHTARÁN AN PHÁIRTÍ 4
ACHOIMRE FHEIDHMEACH – TOSAÍOCHTAÍ SHINN FÉIN 6
ROGHA ÉACHTAÍ DE CHUID CHOMHAIRLEOIRÍ SHINN FÉIN 9
PÁ MAIREACHTÁLA AGUS PÁ NÍOS FEARR 10
REO CÍOSANNA, FAOISEAMH CÍOSA AGUS CLÁR UM THITHÍOCHT PHOIBLÍ 10
COMHAIRLÍ AG CUR AR FÁIL SEIRBHÍSÍ ARDCHAIGHDEÁIN INACMHAINNE 12
- BAILIÚCHÁN DRAMHAÍOLA 12
- FÓILLÍOCHT AGUS CAITHEAMH AIMSIRE 13
- SEIRBHÍSÍ RIACHTANACHA AGUS ÉIGEANDÁLA 13

CÁIN CHARBÓIN AGUS ATHRÚ AERÁIDE 14
SEIRBHÍSÍ BUS 15
LEATHANBHANDA 16
OIDEACHAS 16
CÚRAM PÁISTÍ 17
POBAIL FHOLLÁINE 17
MEABHAIRSHLÁINTE 19
COMHIONANNAS DO DHAOINE A BHFUIL MÍCHUMAIS ACU AGUS DAOINE NÍOS SINE 20
SÁBHÁILTEACHT PHOBAIL AGUS DUL I NGLEIC LEIS AN GCOIRIÚLACHT 22
AN GHAEILGE 23
NA hEALAÍONA 23
MAOINIÚ DON RIALTAS ÁITIÚIL 24
FORBAIRT GHEILLEAGRACH ÁITIÚIL 25
ATHCHÓIRIÚ AN RIALTAIS ÁITIÚIL 26
SOLÁTHAR SÓISIALTA – BREISLUACH ÓN GCAITEACHAS 27
PLEANÁIL THRÉDHEARCACH AGUS EITICIÚIL 28
TÚS NUA DO THUATH NA hÉIREANN 29
FORBAIRT RÉIGIÚNACH – GEILLEAGAR NA hÉIREANN A ATHCHOTHROMÚ 30
BREXIT – LEAS NA hÉIREANN A CHOSAINT 31
ÉIRE AONTAITHE 32

Foilsithe ag Sinn Féin National Director of Elections, Brian Tumilty, 44 Parnell Square, Dublin 1
Cloíte ag Nova Print, 155 Northumberland St, Belfast BT13 2AF

Is ceannairí sinn i Sinn Féin. Seasaimd ar son an rud atá ceart, glacaimid rioscaí ar son na síochána agus tugaimid na daoine sin atá i gcumhacht chun cuntais. Bímid ag troid i gcomhairlí áitiúla ar son an ghnáthdhuine agus ar son na hEorpa, ar son na gnáthmhuintire agus a dteaghlaigh.

Déanaimid beart de réir ár mbriathair.

Rinne rialtas Fhine Gael, le tacaíocht ó Fianna Fáil, maoirsiú ar théarnamh míchothrom a bhí chun leasa cúpla duine faoi phribhléid agus a d'fhág a lán taobh thiar de. I gcás go leor daoine níor tháinig aon athrú ar phá agus mhéadaigh éiginnteacht faoi phoist agus an costas maireachtála ag dul in airde i dtólamh.

Is é an strus a bhaineann le beatha a thabhairt i dtír acu siúd atá ar ioncam íseal agus meánmhéide ag cur brú ollmhór orthu gan mórán cúlchiste fágtha acu do lá na coise tinne.

Ní féidir le teaghlaigh agus le daoine óga rochtain a fháil ar thithíocht inacmhainne agus tá an tseirbhís sláinte i ngéarchéim agus tá airgead poiblí mí-oiriúnach fós á cur amú ag airí míchumasacha rialtais.

Déanfaidh foireann Sinn Féin troid le hioncaim a mhéadú agus le costas maireachtála a laghdú, le tithe a thógáil agus le húinéirí tí a chosaint ó chreachchistí, chun pobail a dhéanamh níos sábháilte trí dhul i ngleic le coiriúlacht, chun seirbhísí áitiúla níos fearr a sholáthar agus chun dul i gcoinne hikes cánach carbóin pionósacha.

Is mian le Sinn Féin Éire chothrom agus rathúil a fheiceáil.

Níor chóir go ndéanfadh aon duine a théann amach ag obair gach lá, nó a gcaithfidh sé / sí fanacht sa bhaile de bharr míchumais nó toisc go bhfuil siad ag tabhairt aire do dhaoine eile, streachailt chun a mbillí a íoc nó díon a choinneáil thar a gceann.

Níor chóir go mbeadh aon duine scothaosta ina luí go míshuaimhneach ar thralaí ospidéil nuair a bhíonn sé go dona tinn.

Níor chóir go mbeadh ar aon duine dul chuig na cúirteanna chun troid ar son a gcearta.

Níor chóir go mbeadh eagla ar aon duine sa bhaile nó sa phobal.

Ní ghlacfaimid leis

Táimid ag troid ar ais

Ba mhian linn athrú radacach san Eoraip agus tuilleadh cumhachta tugtha ar ais do na Ballstáit.

Ba mhaith linn neodracht na hÉireann a aithint agus a chosaint.

Is mian linn tacaíocht a thabhairt do na ceantair tuaithe in Éirinn gan aon phobal fágtha taobh ar gcúl.

Seasfaidh muid suas do leasanna na hÉireann san idirbheartaíocht maidir leis an mBreatimeacht agus creidimid gurb é seo an t-am d'Aontacht na hÉireann.

Déanfaidh Sinn Féin troid ar do shon

Beidh Sinn Féin ag troid ar son do phobail.

Beidh Sinn Féin ag troid ar son na hÉireann.

Mary Lou McDonald

Mary Lou McDonald TD
UACHTARÁN SHINN FÉIN

ACHOIMRE FHEIDHMEACH

TOSAÍOCHTAÍ SHINN FÉIN

IONCAIM A ARDÚ AGUS DUL I NGLEIC LE COSTAS NA BEATHA

Tá Fine Gael, le tacaíocht ó Fhianna Fáil, tar éis ualach a chur ar shaoránaigh na hÉireann le cuid de na costais mhaireachtála is airde sa domhan forbartha.

Níl sé seo cothrom. Cúram páistí a chosnaíonn an méid céanna le morgáiste eile, leibhéil chíosa atá go stairiúil ard, agus muirir fuinnimh ag dul in airde, atá i measc na gceann is airde san Eoraip, ní costais normálta iad seo do theaghlaigh le plé leo. Is éigean do shaoránaigh na hÉireann i bhfad níos mó a íoc as na bunriachtanais seo ná ár gcomharsana Eorpacha.

Seo an toradh ar pholasaithe rialtais agus easpa tola seirbhísí poiblí ardchaighdeáin agus inacmhainne atá ag teastáil ó shaoránaigh a chur ar fáil.

Tá codarsnacht idir sin agus Sinn Féin, a bhfuil tiomantas acu seirbhísí poiblí den chéad scoth do chách atá ar fáil cheana féin do shaoránaigh i mbeagnach gach tír Eorpach eile ina bhfuil teacht isteach ard. Táimid tiomanta a chinntiú go n-íoctar tuarastal maith le gach oibrí as a gcuid iarrachtaí.

MOLANN SINN FÉIN:

- **Reo trí bliana ar chíosanna agus faoiseamh cánach do chíosaithe coibhéiseach le cíos aon mhí amháin**
- **Cealú na cánach maoine ag an rialtas agus comhairlí a gcuid cumhachtaí a úsáid le hí a shocrú ag an ráta is ísle agus is féidir**
- **Cúram páistí inacmhainne ardchaighdeáin a rolladh amach**
- **Fíorphá maireachtála do gach oibrí**
- **Clásail shóisialta a úsáid lena chinntiú go gcuireann caiteachas údarás áitiúil fostaíocht ardchaighdeáin agus pá fónta chun cinn**
- **Ballraíocht i gceardchumann a chur chun cinn chun pá níos fearr do chách a lorg**

TITHÍOCHT SHLÁN AGUS INACMHAINNE A ÉILEAMH

Chruthaigh Fine Gael agus Fianna Fáil ar a seal géarchéime i ndiaidh géarchéime sa tithíocht. Cabhraigh siad le agus neartaigh siad na bainc agus forbróirí praghas na dtithe a ardú as cuimse. Anois breathnaíonn siad a fhad is go bhfuil saoránaigh gan áireamh i ngreim ag géarchéim tithíochta agus easpa dídine. Is mór an náire seo.

Ní dhéanann polasaí tithíochta Fhine Gael ach tiarnaí talún, creach-chistí agus cnuasaitheoirí talún idirnáisiúnta agus infheisteoirí a shaibhriú trí thabhartais chánach. Níor chuir an rialtas seo ar fáil aon teach inacmhainne amháin, agus tá teipthe orthu amach is amach go leor tithe sóisialta a thógáil; ag cailleadh sprioc i ndiaidh sprice. Ag an am céanna cailleann níos mó agus níos mó de shaoránaigh na hÉireann dídean, agus tá tuarastal níos mó daoine gan áireamh á slogadh ag cíos atá níos bradaí ná riamh, gan a bheith in ann airgead a choigilt ar son tí nó clann a phleanáil.

Deir Sinn Féin go leor sin. Tá reo agus faoiseamh cíosa ag teastáil ar chíosaithe. Tá comhbhá agus cabhair ag teastáil orthu siúd atá in anacair mhorgáiste, seachas níos mó creach-chistí a fheiceáil ar foluain os a gcionn. Tá cur chuige nua ag teastáil ar dhaoine gan dídean in Éirinn – tá sin ag teastáil orainn go léir.

MOLANN SINN FÉIN:

- **Leanúint ar aghaidh ag cur ar aghaidh bhille Pearse Doherty TD 'Gan Toil, Gan Díol', le cumhacht a thabhairt do theaghlaigh a dtithe a choinneáil amach as crúba creach-chistí neamhscrupallacha**
- **Mórchlár tógála tithe poiblí ar fud an stáit lena n-áirítear tithe sóisialta agus tithe inacmhainne le ceannach agus le fáil ar cíos**
- **Próisis phleanála a chinntiú atá trédhearcach, cothrom, agus tráthúil le moillí agus baic ar thógáil tithe a chosc.**

CUR I GCOINNE NA CÁNACH CARBÓIN & TROID I GCOINNE ATHRÚ AERÁIDE

Tá an bhagairt ó athrú aeráid uathúil maidir le scála agus cineál. Riamh cheana a thug oileán na hÉireann agus an pobal idirnáisiúnta aghaidh ar bhagairt chomh mór dár slite maireachtála, dár sochaí agus dár dtimpeallacht nádúrtha.

Ar an drochuair dúinne mar shaoránaigh Éireannach, agus dár gcomharsana ar fud an domhain, tá ceann de na taifid is measa sa domhan forbartha ag Fine Gael. Ba é an sprioc a bhí againn a bhí ina ceangal de réir dlí ná 20% de laghdú in astúcháin faoi 2020 – níor chuir Fine Gael i gcrích ach 1% de laghdú. Anois tá siad ag iarraidh an fhreagracht as seo a leagan ar dhuine éigin eile tríd an gcáin charbóin a ardú as cuimse ar ghnáthdhaoine.

Tá freagracht orainn an fód a sheasamh ar son comhshaol slán sa todhchaí dár leanaí agus do na glúine atá ag teacht de shaoránaigh Éireannacha. Tá Sinn Féin ag glacadh leis an bhfreagracht sin, ag cur chun tosaigh moltaí soiléire, díreacha agus éifeachtacha le cosc a chur ar an gcomhshaol a bheith ag titim a thuilleadh as a chéile. Chuaigh ár dtuairisc mhalartach ar an gCoiste um Athrú Aeráide níos faide ná páirtithe na bunaíochta le blianta beaga anuas. Mhol Sinn Féin infheistíocht a dhéanamh leis an aistriú comhshaoil a dhéanamh cóir agus fíorbhuntáiste a dhéanamh de do shaol daoine, agus trína thabhairt ar na corparáidí agus na mórthruaillitheoirí íoc as.

MOLANN SINN FÉIN:

- **Cur i gcoinne arduithe as cuimse sa cháin charbóin**
- **Bille Oibleagáide Comhshaoil d'Údaráis Áitiúla a thabhairt isteach lena chinntiú go mbaineann comhairlí an úsáid is fearr as talamh ar son giniúint fuinnimh in-athnuaithe, pointí luchtaithe d'fheithiclí leictreonacha, áiseanna páirceála agus taistil agus iompar poiblí**
- **A chinntiú go dtógtar gach tithíocht phoiblí de réir na rátálacha éifeachtúlachta fuinnimh is airde**
- **Tógáil ar ár dtaifead scéimeanna rothar poiblí a chur i gcrích**
- **Gach comhairle sprioc uaillmhianach a leagan síos ciliméadair de lánaí rothair a chur ar fáil**
- **Níos mó crann leathanduilleogach a phlandáil i bpáirceanna, spásanna glasa agus ar shráideanna**

POBAIL A DHÉANAMH NÍOS SÁBHÁILTE TRÍ DHUL I NGLEIC LEIS AN GCOIRIÚLACHT

Ní féidir linn a bheith ag dréim le dul i ngleic le coiriúlacht agus fadhbanna frithshóisialta inár bpobal nuair atá rialtais i ndiaidh a chéile tar éis croí agus anam na sábháilteachta pobail agus tionscnamh coiscthe coiriúlachta a ghearradh amach.

Gearradh buiséid Tascfhórsaí Drugaí, agus iarradh orthu ansin níos mó a dhéanamh le níos lú. Gearradh cláir óige agus seirbhísí promhaidh chomh maith. Ag an am céanna, cuireadh ciorruithe i bhfeidhm ar an bpóilíneacht, a raibh de thoradh air laghdú i ngardaí túslíne agus stáisiúin Garda áitiúla.

Ní féidir a bheith ag dréim le haon seirbhís pobail nó póilíneachta fadhbanna casta a shárú, mar coiriúlacht, nuair atá a dtacaí ríthábhachtacha stróicthe ar shiúl uathu. Níos measa arís, baineadh as faoi chumas saoránach mionscrúdú a dhéanamh air agus tacaíocht a thabhairt don phóilíneacht mar gheall ar Fhóraim Phóilíneachta Áitiúla agus Comhchoistí Póilíneachta a bheith easnamhach.

MOLANN SINN FÉIN:

- **Saoránaigh a chumhachtú le tacaíocht a thabhairt do agus scrúdú a dhéanamh ar phóilíneacht áitiúil, naisc idir Fóraim Phóilíneachta Áitiúla, Comhchoistí Póilíneachta agus na pobail a bhfreastalaíonn siad orthu a neartú agus a thógáil.**
- **Infheistiú go díreach le pobail a choinneáil sábháilte trí níos mó Gardaí a bheith ar patról, agus na teicneolaíochtaí agus na hacmhainní is fearr a bheith sa trealamh a thugaimid dóibh**
- **Deireadh a chur le cúiseanna na coiriúlachta le níos mó maoinithe i dtreo tionscnaimh choiscthe, feasacht phobail, cláir óige, Tascfhórsaí Drugaí, agus seirbhísí breise**

SEIRBHÍSÍ AGUS ÁISEANNA ÁITIÚLA NÍOS FEARR A CHUR AR FÁIL

Go traidisiúnta, chuir comhairlí áitiúla ar fáil seirbhísí riachtanacha a d'fheabhsaigh saol daoine. D'fhág clár oibre rialtais Fhine Gael agus Fhianna Fáil maidir le príobháidiú agus seachfhoinsiú údaráis áitiúla ar an ngannchuid maidir le maoiniú riachtanach is gá

le seirbhísí a chur ar fáil. Laghdaigh seo seirbhísí riachtanacha comhairle.

Mar gheall ar bhailiú bruscair a phríobháidiú cuireadh deireadh le scéimeanna um tharscaoileadh, ardaíodh costais do shealbhóirí tí agus bhí níos mó dumpáil mhídhleathach ann. Ba chóir dó seo a bheith ina croísheirbhís údaráis áitiúil arís.

Caithfidh comhairlí chomh maith na bunáiseanna a chur ar fáil do chónaitheoirí lena bpobail a choinneáil glan agus néata. Tá níos mó boscaí bruscair agus boscaí bruscair do shalachar madra ag teastáil orainn, chomh maith le níos mó ionad athchúrsála a ligfidh do dhaoine a ndramhaíl a laghdú.

Tá a lán réimsí eile ann inar féidir le húdaráis áitiúla cuidiú brúnna maireachtála a laghdú. Cibé acu áiseanna buana nó imeachtaí ó am go ham, lasmuigh agus laistigh, na seirbhísí éagsúla atá saor le húsáid agus inacmhainne a chuireann comhairlí áitiúla ar fáil, is féidir leo a bheith sárluachmhar, go háirithe do thuismitheoirí atá faoi bhrú mó atá ag iarraidh siamsa a choinneáil lena leanaí.

Is cóir seirbhísí riachtanacha mar bhóithre, cosáin, soilsiú poiblí agus bearta moillithe tráchta a chur ar fáil mar thosaíocht. Ar an gcaoi chéanna, teastaíonn níos mó acmhainní ó sheirbhísí éigeandála mar sheirbhísí dóiteáin agus leathadh grin sa gheimhreadh.

Leanann rialtas Fhine Gael, le tacaíocht ó Fhianna Fáil, ar aghaidh ag tearcmhaoiniú scéimeanna faoisimh tuilte ar fud an Stáit. Lorg Oifig na nOibreacha Poiblí, atá freagrach as bainistíocht riosca tuilte, €49 milliún de mhaoiniú breise le cláir ríthábhachtacha a chur i bhfeidhm do níos mó ná 300 pobal atá faoi riosca suntasach ó thuilte. Ina ainneoin seo, tá teipthe ar an Rialtas maoiniú breise a chur ar fáil agus tá scéimeanna faoisimh tuilte ciorruithe de €3 milliún in 2019. Dhéanfadh Sinn Féin cinnte go maoinítear go himleor bainistíocht riosca tuilte, ag cosaint pobal agus ag freagairt ar an bpríomhdhúshlán athrú aeráide. Dá mbeimis i rialtas chuirfimis ar fáil €50 milliún breise do scéimeanna faoisimh tuilte sna blianta go dtí 2021.

MOLANN SINN FÉIN:

- **Bailiúchán dramhaíola a thabhairt ar ais faoi smacht údarás áitiúil**
- **Níos mó boscaí bruscair agus boscaí bruscair do shalachar madra**
- **Pleanáil agus soláthar comhleanúnach páirceanna spraoi, páirceanna bmx agus scátála, áiseanna aclaíochta, leabharlanna nua-aimseartha agus a lán áiseanna eile i gcomhar le forbairtí cónaitheacha agus tráchtála**
- **Go gcuirfeadh an rialtas áitiúil an maoiniú a d'aithin Oifig na nOibreacha Poiblí a bheith riachtanach le pobail a chosaint ó thuilte**

AN GEILLEAGAR A CHOSAINT AGUS A FHÁS – BREXIT AGUS ÉIRE AONTAITHE

Is bagairt uathúil agus stairiúil é Brexit don pholaitíocht agus don rathúnas ar oileán na hÉireann. Do Shinn Féin, tá sé ríthábhachtach leas mhuintir na hÉireann a chosaint. Ciallaíonn sé seo Próiseas na Síochána agus Comhaontú Aoine an Chéasta a chosaint, agus ár bpobal oileáin a chomhtháthú.

Má dhiúltaíonn an DUP agus rialtas na Breataine an bhagairt is Brexit ann agus a bhfuil formhór mór mhuintir na hÉireann ina choinne, agus ar dhiúltaigh muintir an tuaiscirt go daonlathach dó, is é an t-aon réiteach ansin ligean do mhuintir an oileáin seo a dtodhchaí a chinneadh – Éire aontaithe agus rathúil san AE, nó Éire atá scoilte a thuilleadh leis an tuaisceart nasctha leis an long Brexit atá ag dul faoi.

Mar an t-aon pháirtí uile-Éireann atá ag seasamh sna toghcháin áitiúla le comhairlí i ngach comhairle cois teorann, tá Sinn Féin in áit uathúil le gníomh éifeachtach uile-Éireann agus trasteorann a dhéanamh le haon fhoirm de Brexit a mhaolú agus aontacht na hÉireann a chur chun cinn.

MOLANN SINN FÉIN:

- **Ciste Cobhsaithe Brexit ar luach €2 billiún a chur ar bun, a gcuirfí €1 billiún de ar fáil trí chomhpháirtíochtaí infheistíochta ISIF-Comhairle, le geilleagar ár n-oileáin a chosaint ó Brexit tobann**
- **Níos mó comhoibriú polaitiúil agus eacnamaíoch uile-Éireann a spreagadh**
- **An rialtas páipéar bán a chur ar fáil ar Aontacht na hÉireann le fóram ar an gceist a bhunú**
- **Reifreann ar athaontú na hÉireann**

ROGHA ÁACHTAÍ DE CHUID
CHOMHAIRLEOIRÍ SHINN FÉIN

D'úsáid comhairleoirí Shinn Féin a bpoist go héifeachtach le troid ar son a bpobal go háitiúil agus, ag obair lenár bhfoireann TDanna, Seanadóirí, Baill de Pharlaimint na hEorpa, Baill de Pharlaiminte Westminster agus comhairlí ó fud fad an oileáin, agus throid siad ar cheisteanna móra polaitiúla an lae.

Troideann comhairleoirí Shinn Féin lena chinntiú go mbrúitear chun cinn clár oibre forásach, poblachtach i ngach seomra comhairle ina dtoghtar iad agus le cuidiú athrú áitiúil, réigiúnach, náisiúnta agus idirnáisiúnta a chur i gcrích.

THROID I GCOINNE COSTAIS MHAIREACHTÁLA AG DUL IN AIRDE AGUS THACAIGH LE FOSTAÍOCHT AR ARDCHAIGHDEÁN

- **Ba iad na haon chomhairlí a chur i gcrích laghdú sa Cháin Mhaoine Áitiúil ná na cinn ina raibh Sinn Féin ar an bpáirtí ba mhó**
- **Thug siad isteach scéim printíseachta**
- **Thacaigh siad le tionscadail forbartha shocheacnamaíocha agus clásail shóisialta le tairbhe a bhaint as an bhféidearthacht a bhaineann le tallann agus fostaíocht áitiúil**
- **Tionscnaimh le comharsanachtaí a chur chun cinn mar chinn scríbe**
- **Bain siad úsáid as seomraí comhairle mar ardán le cur i gcoinne muirir uisce a thabhairt isteach**
- **Thacaigh siad le cearta oibrithe trí pholasaithe soláthair comhairlí a fheabhsú agus seasamh le hoibrithe ag troid ar son a gceart**

CHUIDIGH SIAD LE TITHÍOCHT SHÓISIALTA AGUS INFREASTRUCHTÚR NUA A CHUR AR FÁIL

- **Bhrúigh siad ar son réitigh nuálacha le soláthar tithíochta poiblí a uasmhéadú, in ainneoin a bheith curtha ar an ngannchuid maidir le cistí ag rialtas áitiúil agus cur i gcoinne ag páirtithe coimeádacha**
- **Thacaigh siad le bóithre nua agus infreastruchtúr feabhsaithe a sholáthar i gceantair thuaithe agus uirbeacha**
- **Thacaigh siad le tionscadail athghinte ceantair**

D'FHEABHSAIGH SIAD SEIRBHÍSÍ RIACHTANACH I DO CHOMHAIRLÍ, COSÚIL LEO SEO

- **Bhain siad amach ceapachán Oifigigh Rochtana Míchumais**
- **Thug siad smacht agus freagracht as Cuan Dhún Laoghaire ar ais don údarás áitiúil**
- **Shín siad seirbhísí leabharlainne agus choinnigh siad ag obair linnte snámha agus sólanna áitiúla**
- **Lainseáil siad scéimeanna um meabhairshláinte**
- **Throid siad ar son áiteanna scoile le liostaí feithimh a laghdú**
- **Throid siad le scéimeanna iompair scoile a shíneadh**

RINNE SIAD INFHEISTÍOCHT I BPOBAIL NÍOS GLAINE AGUS NÍOS SÁBHÁILTE

- **Chuir siad ar bun gairdíní pobail, páirceanna agus tionscadail cothabhála abhann**
- **Fuair siad infheistíocht i limistéir shúgartha, páirceanna poiblí agus bealaí glasa agus áiseanna poiblí ríthábhachtacha eile**
- **Chuir siad i gcoinne mórthionscadal truaillithe, loisceoir dramhaíola, i Luimneach**
- **Leathnaigh siad scéim rothar Bhaile Átha Cliath ar fud Bhaile Átha Cliath**
- **D'fheabhsaigh siad sábháilteacht bhóithre trí thacú le bearta moillithe tráchta a thabhairt isteach**
- **Thacaigh siad le cosaintí níos fearr do choisithe ar bhóithre agus ar chosáin tuaithe contúirteacha le fócas speisialta ar scoileanna**
- **Thacaigh siad le feilte pobail ar fud na tíre**

CHUIR SIAD CHUN CINN CULTÚR AGUS OIDHREACHT

- **Rinne siad feachtas le hardán stairiúil Shráid an Mhúraigh, ag caomhnú an tséadchomhartha náisiúnta ríthábhachtaigh seo**
- **Thacaigh siad agus chuir siad i gcrích imeachtaí comórtha céid 1916 agus eile ar fud na hÉireann in onóir dóibh siúd a fuair bás ar son na tíre**
- **Chuir siad chun cinn an Ghaeilge trí choistí áitiúla teanga agus imeachtaí cultúrtha ar fud na hÉireann**

PÁ MAIREACHTÁLA AGUS PÁ NÍOS FEARR

Tá sinn Féin tiomanta a chinntiú go saothróidh gach oibrí ar a laghad go leor le saol maith a bheith acu, saor ó bhuairt airgeadais.

Is scannal é go bhfuil roinnt fostóirí móra in Éirinn ag íoc a laghad sin lena n-oibrithe go gcaithfidh siad cuidiú breise airgeadais a lorg ón stát, a fhad is go bhfuil brabúis mhóra á bpostáil ag na comhlachtaí seo. Thug an Stát fóirdheontas d'fhostóirí ísealphá dar luach €431 milliún in 2018 féin.

D'éiligh Sinn Féin ar an rialtas Pá Maireachtála dar luach €11.90 a thabhairt isteach le bheith iníoctha láithreach ag gach fostóir a bhfuil an acmhainn acu chuige.

Go dáta dhiúltaigh an rialtas pá cothrom a chinntiú d'oibrithe.

D'uireasa na gníomhaíochta is gá don rialtas, déanfaidh Sinn Féin an méid is féidir leo le sciar cothrom a chinntiú d'oibrithe ag leibhéal áitiúil agus dóibh siúd a fhostaítear de thoradh ar chonarthaí poiblí.

Ag foghlaim ón eispéireas rathúil a bhain le deimhnithe maidir le 'trádáil chothrom', molann Sinn Féin scéim creidiúnaithe comhairle a thabhairt isteach agus deimhnithe maidir le fostóirí pá maireachtála a bhronnadh ar ghnólachtaí áitiúla a léiríonn gurb é an bunphá a íocann siad an pá maireachtála.

Leanfaidh Sinn Féin ar aghaidh chomh maith ag obair i dtreo Clásail Shóisialta a bheith lárnach in aon phróisis soláthair phoiblí. Cinnteoidh sé seo go mbeidh de cheangal ar chomhlachtaí a bhaineann conarthaí poiblí go rathúil pá agus coinníollacha fónta a thabhairt. I measc na gcoinníollacha seo tá pá maireachtála, printíseachtaí, gnóthú pobail, buntáiste eacnamaíoch áitiúil trí chonarthaí áitiúla, aitheantas ar cheardchumainn agus deiseanna fostaíochta ardchaighdeáin do dhaoine a bhfuil míchumas acu. Is cóir iad seo agus critéir shóisialta a chur i gcroíshonraíochtaí conarthaí a chuireann údaráis áitiúla amach chun tairisceana.

Nuair a bhíonn ceardchumainn láidir bíonn pá níos láidre. Molann Sinn Féin go rollfaidh comhairlí amach feachtais feasachta phoiblí áitiúla a leagann béim ar bhallraíocht i gceardchumann.

MOLANN SINN FÉIN:

- **Clásail Shóisialta a úsáid do gach conradh poiblí**
- **Deimhnithe maidir le pá maireachtála d'fhostóirí áitiúla creidiúnaithe ag comhairlí**
- **Critéir shóisialta a chur san áireamh, mar phá fónta agus aitheantas ar bhallraíocht i gceardchumann i gconarthaí soláthair comhairlí**
- **Ballraíocht i gceardchumainn a chur chun cinn go poiblí le feachtais fógraíochta comhairlí**

REO CÍOSANNA, FAOISEAMH CÍOSA AGUS CLÁR UM THITHÍOCHT PHOIBLÍ

Níos mó agus níos mó ní féidir le gnáthdhaoine teach cuí agus slán a bheith acu. Tá liostaí feithimh le haghaidh tithíocht shóisialta ag fás leo. Tá líon na ndaoine fásta agus leanaí i gcóiríocht éigeandála níos airde ná riamh. Tá an costas a bhaineann le teach a fháil ar cíos nó a cheannach anois ró-ard do na scórtha míle de dhaoine.

Tá teaghlaigh ar fud na tíre ag maireachtáil leis an imní nach bhfuil siad ach cúpla seic pá óna mbaile a chailleadh.

Dóibh siúd san earnáil phríobháideach cíos tá an eagla eile roimh arduithe cíosa nó an tiarna talún ag socrú díol.

Dar le figiúirí rialtais tá 71,858 dteaghlach ar liostaí feithimh do thithíocht áitiúil sa stát seo.

Ach go fírinneach tá 45,000 teaghlach breise i dtionóntaí Íocaíochta Cúnaimh Tithíochta neamhshlána, 18,915 theaghlach i scéim cóiríochta cíosa, 24,303 thionóntacht forlíonta cíosa agus 5,400 teaghlach i dtithe ar léas príobháideach fadtéarma ar an gClár Caiteachais Reatha Tithíochta Sóisialta.

Tá fíorthithíocht shóisialta de dhíth ar na teaghlaigh seo go léir. Sin níos mó ná 140,000 teaghlach a bhfuil fíorthithíocht shóisialta de dhíth orthu.

Tá cuid mhór de na daoine seo ag maireachtáil i gcoinníollacha cúnga agus míchuí agus, sa chóras reatha, beidh siad fanacht ar feadh i bhfad le tithíocht cheart a fháil.

Baineadh as faoi ról traidisiúnta údarás áitiúil mar phríomhsholáthraithe na tithíochta sóisialta. Is é an polasaí leis na scórtha blianta cíos príobháideach fóirdheonaithe a úsáid taobh le leibhéil ísle infheistíochta sa tithíocht phoiblí.

Tá ag teip ar phlean tithíochta an rialtais Atógáil Éireann.

Tá líon na ndaoine gan dídean nó faoi bhagairt a bheith gan dídean tar éis ardú go géar.

Dar le figiúirí ón Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil i bhFeabhra 2019 bhí 10,264 dhuine i gcóiríocht éigeandála, agus tá 3,784 leanbh san áireamh san fhigiúr seo.

Tá aschur tithíochta sóisialta fós mall. Dar le figiúirí na Roinne Tithíochta féin níor cuireadh ar fáil ach 6,861 teach fhíorshóisialta i seilbh agus faoi bhainistíocht ag Údaráis Áitiúla agus Eagrais Tithíochta in 2018

Níor cuireadh ar fáil oiread agus teach inacmhainne amháin trí aon scéim rialtais go dáta.

Tá Sinn Féin fós tiomanta do thithe inacmhainne cíos ar chostas agus tithe inacmhainne le ceannach a chur ar fáil.

Bhrúfadh Sinn Féin ar son 10,000 teach sóisialta a chur ar fáil gach bliain. Níor chuir an rialtas seo aon teach inacmhainne ar fáil. Bhrúfadh Sinn Féin ar dtús ar son 4,500 aonad ar cíos agus le ceannach inacmhainne sa bhliain agus dhéanfaimis an earnáil seo de sciar tithíochta a leathnú.

Is réimse traidisiúnta de chumas údaráis áitiúil é bainistíocht agus cothabháil eastáit a ndearnadh faillí ann. Nuair a thagann pobail chun cinn cuireann sin le cáilíocht na beatha do dhaoine, mar sin is réimse é seo ar mhaith linn níos mó acmhainní a bheith dírithe air.

Dhéanfadh Sinn Féin tosaíocht d'eastáit phríobháideacha a thabhairt ar láimh in áiteanna nach bhfuil seo déanta.

MOLANN SINN FÉIN:

- **An rialtas reo cíosanna éigeandála a thabhairt isteach le maireachtáil trí bliana ar fud an stáit agus faoiseamh cánach a thabhairt isteach do chíosaithe coibhéiseach le cíos aon mhí amháin**
- **Údaráis áitiúla a bheith maoinithe ag rialtas le mórchlár tógála tithe ar thalamh príobháideach le riar ar riachtanas sóisialta agus inacmhainne**
- **Eastáit tithíochta phoiblí ina bhfuil ioncam measctha faoi cheannas na comhairle le tithe le cíos ar chostas agus le ceannach de réir acmhainne**
- **An t-am a bhaineann le faomhadh, tairiscint agus próiseas soláthair do thithíocht phoiblí a laghdú ó 18-24 mhí go 6-9 mí**
- **Maoiniú do dhaoine gan dídean a chosaint, deireadh a chur le daoine a bheith gan dídean ar feadh téarma fada agus leis an ngá codladh amuigh.**
- **A chinntiú go gcuirfear Pleananna Cóiríochta don Lucht Siúil go hiomlán agus go tráthúil**
- **Tosaíocht a dhéanamh de mhaoiniú do chóiriú agus tacaíochtaí i leith éigeandáil foréigin baile agus céim síos**
- **Éileamh ar rialtas lárnach maoiniú a ardú do dheontais mhíchumais agus cóiriú le haghaidh inrochtaineacht cathaoireacha rothaí do thionóntaí comhairle agus sealbhóirí príobháideacha tí a fhreastalaíonn ar riachtanas agus a chuireann deireadh le liostaí feithimh**
- **Tosaíocht a dhéanamh d'árasáin aon leapa do dhaoine singile agus do dhaoine níos sine atá ag iarraidh áit chónaithe níos lú ina gcomharsanacht féin**
- **Deireadh a chur le hóstáin agus tithe lóistín a úsáid mar chóiríocht éigeandála**
- **Níos mó infheistíochta ag comhairlí i mbainistíocht agus i gcothabháil eastát**
- **Soláthar imleor tithe a chinntiú do dhaoine a bhfuil míchumais acu agus a úsáideann cathaoireacha rotha**

COMHAIRLÍ AG CUR AR FÁIL SEIRBHÍSÍ ARDCHAIGHDEÁIN INACMHAINNE

BAILIÚCHÁN DRAMHAÍOLA

Cuireann billí tithe laincis ar na céadta míle de ghnáthdhaoine agus cuireann siad le neamhshláine airgeadais na ndaoine eile gan áireamh. Chuir gníomhartha agus faillí páirtithe rialtais, anois agus san am a chuaigh thart, na costais seo suas.

Mar a thuar comhairlí agus gníomhaithe Shinn Féin a rinne feachtas i gcoinne muirear ón tús, tar éis muirir bhoscaí bruscair a thabhairt isteach d'fhág údaráis áitiúla an tseirbhís.

Mar thoradh air seo bhí borradh sa dumpáil mhídhleathach. Léirigh tuairisc le deireanas ag an gCoimisiún um Chosaint Tomhaltóirí i Meán Fómhair 2018 nach mbaineann 23% de shealbhóirí tí úsáid as seirbhís bailiúcháin dramhaíola.

Caithfidh údaráis áitiúla an bille a íoc as an dumpáil mhídhleathach a ghlanadh suas.

Tráth dá raibh ba chroísheirbhís é bailiú bruscair a chuireadh do chomhairle áitiúil ar fáil – anois is tionscadal brabúsach é agus an costas á iompar ag sealbhóirí tí. Fuair Beauparc Utilities Ltd, a fheidhmíonn Panda Waste agus Greenstar, ardú 49% i mbrabús réamhchánach in 2017. Bhí de thoradh air seo €18.4 milliún de bhrabús. Ag an am céanna tá an meánchostas de réir sealbhóra tí tar éis ardú de 11%, go €228 ó 2012. Tá neamhaird déanta ag comhlachtaí príobháideacha ar an gcóras tarscaoilte a bhí i bhfeidhm. Brú a chur ar theaghlaigh leochaileacha agus ar dhaoine ar ioncam íseal an muirear iomlán a íoc ar son bailiúchán dramhaíola.

Is muidne anois an t-aon stát san Eoraip ina bhfuil seirbhís bailithe bruscair iomlán príobháidithe. Is muidne chomh maith an t-aon stát AE a leanann ar aghaidh le comórtas taobh le taobh le haghaidh bailiú dramhaíola. Tá de thoradh air sin comhlachtaí ag tiomáint trí phobail chónaithe ag cur le truailliú agus tranglaim thráchta.

Tá ár gcóras príobháidithe costasach, go dona don chomhshaol agus in uireasa mór rialuithe agus rialúchán.

Tá Sinn Féin tiomanta bailiúchán dramhaíola a thabhairt ar ais faoi smacht údarás áitiúil. Thabharfadh Sinn Féin isteach an múnla rathúil a bhaineann le saincheadú, a oibríonn cheana i dtíortha éagsúla ar fud na hEorpa, agus chuirfeadh siad deireadh leis an múnla taobh le taobh. Bheadh seo ina chéad chéim thábhachtach i dtreo filleadh ar bhailiúchán dramhaíola ag údaráis áitiúla.

Thabharfadh an múnla seo cumhacht d'údaráis áitiúla seirbhís aonair bailithe dramhaíola a cheapadh dá gceantar. D'fhéadfadh an chomhairle caighdeáin oibriúcháin a éileamh, lena n-áirítear praghsanna inacmhainne do shealbhóirí tí agus scéimeanna tarscaoilte. Agus bheadh an comhlacht cuntasach don údarás áitiúil a bhfuil siad ag feidhmiú thar a gceann.

Bheadh seo ina chéad chéim ag tabhairt fheidhmiú an bhailiúcháin dramhaíola ar ais go hiomlán go lámha na n-údarás áitiúil.

Chuirfeadh an múnla chomh maith ar a gcumas d'údaráis áitiúla buntáiste níos mó a bhaint as an bhféidearthacht a bhaineann le fuinneamh in-athnuaite a thugann dramhaíl orgánach.

Thug Sinn Féin isteach Bille um Laghdú Dramhaíola (Forálacha Ilchineálacha) sa Dáil mar iarracht an dramhaíl a íoslaghdú, an athchúrsáil a chur chun cinn a thuilleadh agus foráil a dhéanamh le haghaidh pionós níos mó as caitheamh bruscair. In uireasa na gníomhaíochta riachtanaí seo rialtais, is féidir le húdaráis áitiúla níos mó a dhéanamh le dul i ngleic le dumpáil mhídhleachach) ar scála príobháideach agus tionsclaíoch) agus salú ag madraí.

MOLANN SINN FÉIN:

- **Bailiúchán dramhaíola a chur ar ais faoi smacht údarás áitiúil**
- **Deireadh a chur leis an gcóras bailithe dramhaíola taobh le taobh**
- **Múnla bailithe dramhaíola le saincheadúnas a thabhairt isteach ionas go mbeidh comhairlí in ann caighdeáin soláthair a éileamh, lena n-áirítear praghsanna inacmhainne do theaghlaigh agus scéimeanna tarscaoilte**
- **Líon na n-ionad athchúrsála agus réimse na nithe a nglactar leo a mhéadú, níos mó boscaí bruscair poiblí lena n-áirítear boscaí bruscair do shalachar madraí**

FÓILLÍOCHT AGUS CAITHEAMH AIMSIRE

Tá réimsí eile ann inar féidir le húdaráis áitiúla níos mó a dhéanamh le brúnna maireachtála a laghdú. Cibé acu áiseanna buana nó imeachtaí ó am go ham, lasmuigh agus laistigh, na seirbhísí éagsúla atá saor le húsáid a chuireann comhairlí áitiúla ar fáil, is féidir leo a bheith sárluachmhar, go háirithe do thuismitheoirí atá faoi bhrú mó atá ag iarraidh siamsa a choinneáil lena leanaí.

Tá sé ríthábhachtach go mbeidh seirbhísí pleanáilte agus curtha ar fáil ar bhealach comhleanúnach.

Is cóir páirceanna súgartha, páirceanna poiblí, linnte snámha, páirceanna scátála, ionaid ealaíon, amharclanna, ionaid phobail, páirceanna líneacha taobh le bealaí uisce, bealaí glasa, bealaí gorma, páirceanna do mhadraí, áiseanna aclaíochta (laistigh agus lasmuigh), gairdíní pobail, foraoiseacha, bealaí siúil, páirceanna bithéagsúlachta, leabharlanna etc. a chur ar fáil i gcomhar le forbairt chónaithe agus trádála – le pobail fholláin agus inbhuanaithe a chruthú.

Tá fonn ar Shinn Féin i bhfad níos mó de seo a fheiceáil.

D'oibrigh údaráis áitiúla go rathúil le Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt le rannpháirtíocht a chur chun cinn sa spórt ag gach leibhéal trí imeachtaí oll-rannpháirtíochta a chur chun cinn.

Ach, le linn an mheathlaithe gearradh maoiniú d'áiseanna áitiúla mar pháirceanna, linnte snámha agus leabharlanna. Bhí comhairleoirí Shinn Féin chun cinn ag obair le pobail áitiúla ag cur i gcoinne na gciorruithe seo agus seirbhísí a chur i bhfeidhm arís.

Déanfaidh Sinn Féin abhcóideacht le go mbainfear úsáid iomlán as cumhachtaí áitiúla agus ár gcomhneart le stocaireacht a dhéanamh ar son acmhainní breise lena chinntiú go bhfuil comhrochtain ag gach pobal ar ealaíona, spóirt, seirbhísí cultúrtha agus áineasa agus áiseanna bunúsacha mar cheart.

MOLANN SINN FÉIN:

- **Pleanáil agus seachadadh comhleanúnach seirbhísí agus áiseanna spóirt agus caitheamh aimsire**
- **Maoiniú níos mó do Dheontais Chaipitil Spóirt, agus ualú breise do chlubanna agus d'eagraíochtaí bunaithe i gceantair faoi mhíbhuntáiste, lena n-áirítear tacaíocht níos mó d'iarratasóirí a chuireann isteach ar dheontais**

SEIRBHÍSÍ RIACHTANACHA AGUS ÉIGEANDÁLA

Is cóir seirbhísí riachtanacha mar bhóithre, cosáin, soilsiú poiblí agus bearta moillithe tráchta (go háirithe i limistéir faoi fhoirgnimh) a chur ar fáil mar thosaíocht agus mar chaighdeán.

Tá a lán líonraí áitiúla agus tánaisteacha ag titim as a chéile agus tá an tuath go háirithe faoi ionsaí ag baill dhubha timpistí mar a bhfaigheann daoine bás go rialta.

Tá an chuid is mó cathracha agus bailte in éagmais soláthar cuí do choisithe chomh maith, rud a fhágann é contúirteach dul trasna bóthair fiú, go háirithe do sheandaoine, daoine a bhfuil míchumas acu agus daoine a bhfuil naíchóistí nó leanaí beaga acu.

Is féidir le hacmhainní agus breithnithe ag leibhéal an údaráis áitiúil cuidiú seo go léir a fheabhsú.

Féachann Sinn Féin an fhéidearthacht d'Údaráis Áitiúla ról a ghlacadh a bhaineann le ceannaireacht sa phleanáil, inar féidir leo forbairt áitiúil a fhorbairt le gníomhaireachtaí stáit eile le forbairt chomhordaithe réimsí e.g. áiteanna scoile, bealaí iompair phoiblí, acmhainní Garda, etc.

Tá soláthar seirbhísí éigeandála ina phríomhfheidhm de chuid údarás áitiúil. Tá freagracht ag údaráis áitiúla as seirbhísí dóiteáin (agus otharchairr i bpáirteanna de Bhaile Átha Cliath). Tá infheistíocht i seirbhísí agus i bpearsanra dóiteáin ag teastáil go práinneach. I ndeireadh na dála chuirfeadh Sinn Féin ar bun Údarás Náisiúnta in ar Dóiteáin ar fud na 32 chontae a mbeadh acmhainní cuí aige le clúdach cuí a chinntiú don tír ar fad. Dá mbeadh údarás náisiúnta ann bheifí in ann infheistíocht a dhéanamh i seirbhísí sa líne thosaigh a shábhálann saol daoine, agus ag an am céanna scaoilfeadh sé saor airgead de chuid údaráis áitiúla do sheirbhísí eile.

Tá leathadh grin sa gheimhreadh ina fhreagracht thábhachtach eile atá ag údaráis áitiúla. Tá infheistíocht bhreise i mboscaí gainimh, céachtaí sneachta, leatóirí grin, etc. ag teastáil agus ba chóir bealaí leata grin breise a chur.

MOLANN SINN FÉIN:

- **Maoiniú breise ó rialtas áitiúil do sheirbhísí riachtanacha údarás áitiúil agus seirbhísí éigeandála lena n-áirítear seirbhísí dóiteáin agus leathadh grin sa gheimhreadh**
- **Údarás Náisiúnta Dóiteáin uile-Éireann a chruthú**
- **Infreastruchtúr a fheabhsú don athchúrsáil agus siúl i gceantair uirbeacha agus thuaithe araon lena chinntiú gur féidir le daoine taisteal go sábháilte.**
- **Tús a chur le iniúchtaí ar bhaill dhubha timpistí sa líonra náisiúnta bóithre agus a chinntiú go ndéanfaidh comhairlí bearta cuí.**

GNÍOMHAÍOCHT MAIDIR LE HAERÁID AGUS CUR I GCOINNE ARDUITHE SA CHÁIN CHARBÓIN

Caithfimid dul i ngleic le réaltacht thubaisteach an athraithe aeráide ar bhealach a thugann cóir agus cothroime do chách. Tá molta ag Fine Gael, Fianna Fáil agus Páirtí an Luchta Oibre méadú sa cháin charbóin ó €20 an tonna go €80 an tonna. D'fhéadfadh seo an costas cánach a ardú do theaghlaigh ar mheánioncam go dtí €750 sa bhliain.

Creideann Sinn Féin go bhfuil na billí atá ag gnáthdhaoine rómhór cheana féin. Má tá spriocanna a bhaineann le laghdú astúchán carbóin le baint amach go cothrom caithfidh sraith leathan de bhearta éifeachtacha polasaí a bheith ann le comhroghanna atá báúil don aeráid a dhéanamh inrochtana go fíor agus inacmhainne do chách.

Is cóir go mbeadh an t-aistriú go comhroghanna fuinnimh in-athnuaite agus ar chostas íseal ina bhuntáiste do gach teaghlach, seachas ualach. Caithfear bearta a dhéanamh, cosúil le ligean do theaghlaigh a bhfuinneamh féin a ghiniúint trí chumhacht ghaoithe nó ghréine le bheith in ann cumhacht iomarcach a dhíol ar ais leis an eangach náisiúnta mar a bhforáiltear dó i mBille Shinn Féin um mhicreaghiniúint.

Tá féidearthacht ollmhór ann le ligean d'úinéireacht phobail ar an táirgeadh fuinnimh.

Tá infheistíocht Rialtais a thógtar go cothrom ag teastáil le billí daoine a laghdú agus le hathrú iompair a chumhachtú e.g. trí insliú saor in aisce agus aisfheistiú, trí chairr leictreonacha a dhéanamh inacmhainne agus tríd an infreastruchtúr luchtaithe a fhorbairt chomh maith le trí leathnú an iompair phoiblí agus laghduithe táillí.

Caithfimid glanadh suas tar éis theipeanna aeráide Fhine Gael. Is iad infheistíocht níos mó san iompar, éifeachtúlacht fuinnimh, fuinnimh in-athnuaite agus fás inbhuanaithe i bpobail áitiúla an bealach chun tosaigh.

Sa Dáil tá Sinn Féin ag tabhairt isteach Bill um Oibleagáid i leith Aeráide d'Údaráis Áitiúla lena chinntiú go mbreithníonn gach údarás áitiúil a dtalamh go léir is féidir a úsáid do ghiniúint fuinnimh in-athnuaite, le pointí luchtaithe feithicle a chruthú, le línte soláthair ábhair dramhaíola orgánaí a chruthú le bithgháis a tháirgeadh agus le lánaí don iompar poiblí agus do rothair a fhorbairt. Chinnteodh sé chomh maith go ndéanfaidh Údaráis Áitiúla iarracht a bhfuinneamh féin a tháirgeadh, tithe a thógáil ar an gcaighdeán fuinnimh is airde, agus bailiúchán dramhaíola orgánaí agus muirín a éascú.

Thiocfadh le húdaráis áitiúla foghlaim ó thionscnaimh chorraitheacha a dhéantar thar sáile, mar shampla foraoiseacha uirbeacha a chruthaítear in Barcelona.

Chuideodh seo go léir lena chinntiú go n-imríonn údaráis áitiúla a bpáirt le sochaí atá carbón-neodrach a lorg.

Ar nós na dtuilte uafásacha a tharla in 2009, aithníonn Sinn Féin go bhfuil géarghá le tuilte i gCathair Chorcaí a chosc. Tá muid tiomanta do Réiteach Fóirithinte Tuile a sholáthar. Aithníonn muid an taighde suntasach atá déanta ag an ngrúpa Save Cork City chun an drochthionchar ar chúrsaí oidhreachta agus ar ghnó i lár na Cathrach a chur in iúl; agus chun anailís a chur ar fáil maidir le moltaí Oifig na nOibreacha Poiblí. Dá mbeadh Sinn Féin sa rialtas, chuirfimis tús le hAthbhreithniú Neamhspleách ar phleananna reatha Oifig na nOibreacha Poiblí agus bheadh saineolaí neamhspleách idirnáisiúnta ina bhun.

MOLANN SINN FÉIN:

- **Cosc ar arduithe sa cháin charbóin**
- **Infheistíocht níos mó san iompar, éifeachtúlacht fuinnimh, fuinnimh in-athnuaite**
- **Comhairlí talamh a aimsiú atá ar fáil do thionscadail fuinnimh in-athnuaite, pointí luchtaithe feithicle leictreonaí, lánaí don iompar poiblí agus rothair**
- **Gach tithíocht údaráis áitiúil le bheith tógtha go dtí na caighdeáin fuinnimh is airde**
- **Údaráis áitiúla le níos mó crann leathanduilleogach a phlandáil i bpáirceanna, spásanna glasa agus ar shráideanna le cáilíocht aeir a fheabhsú, cuidiú le ceapadh carbóin agus suíomhanna uirbeacha a dhéanamh níos áille**

SEIRBHÍSÍ BUS

Tá tionchar ag amanna comaitéireachta, inrochtaineacht agus inacmhainneacht an iompair phoiblí go léir ar an gcostas maireachtála agus ar cháilíocht bheatha gnáthdhaoine.

Tá imní mhór ar Shinn Féin faoi iarrachtaí amscaí an rialtais líonra bus Bhaile Átha Cliath a athdhearadh. Faoi na moltaí BusConnects le fáil réidh le bealaí is féidir go gcaillfidh na mílte cónaitheoirí i mBaile Átha Cliath atá ina gcónaí sna bruachbhailte a mbus díreach go lár na cathrach, go dtí a scoileanna, coláistí agus ospidéil.

Tá fadhbanna féideartha ann chomh maith le laghduithe i minicíocht seirbhíse agus stadanna bus a bhogadh ó cheantair chónaithe agus gan urrús ar bith go mbeidh an infheistíocht riachtanach le feabhsuithe a éascú ag teacht. Tá an fhéidearthacht ag na hathruithe seo an buille is crua a bhualadh ar úsáideoirí leochaileacha iompair, cosúil le seandaoine agus daoine a bhfuil míchumas acu.

Tá Sinn Féin tar éis babhta eile comhairleoireachta a éileamh ar an bplean agus creideann siad gur meicníocht sheasta fhoirmiúil a bhunú lena chinntiú go mbeidh ionchur ann ó gach páirtí leasmhar, lena n-áirítear ionadaithe de chuid an NTA, Bus Átha Cliath, úsáideoirí bus, tiománaithe agus comhairleoirí áitiúla.

Tá sé doghlactha aon phobal a bheith fágtha ar an mblár ag BusConnects. Caithfidh sé a bheith le haghaidh seirbhís bus den scoth a chur ar fáil do chách a bhfuil sí de dhíth orthu, lena n-áirítear seandaoine, daoine a bhfuil míchumas acu agus comaitéirí.

Sa Dáil agus i gcomhairlí ar fud an stáit, leanfaidh Sinn Féin ar aghaidh ag cur i gcoinne príobháidiú bealaí bus agus éileoidh siad na seirbhísí iompair is fearr ar fad don phobal agus sin a bheith in úinéireacht an phobail.

Tugtar de thasc do Choistí Polasaí Straitéisigh Comhairle (CPS) ar Iompar comhroghanna polasaí a ullmhú agus a phlé don iompar agus don trácht. Cinnteoidh comhairleoirí Shinn Féin go léiríonn na CPSanna seo tuairimí agus riachtanais gnáthdhaoine a fhad is a bhaineann sé le hathchóiriú ar iompar poiblí a mholadh.

Níl ag a lán daoine atá ag maireachtáil i mbailte beaga nó timpeall orthu ach seirbhísí bus teoranta agus séantar rochtain dóibh chuig iompar poiblí fónta agus inacmhainne. Molann Sinn Féin seirbhísí breise bus do bhailte beaga agus a gceantar le tabhairt faoina riachtanais iompair.

Tá an oiread sin níos mó ná an tseirbhís Local Link de dhíth orainn, tábhachtach go leor is atá sin don ionchuimsitheacht shóisialta agus atá sin do dhaoine nach dtiomáineann. Tá seirbhísí de dhíth orainn chomh maith is féidir a bheith a bheith ina gcomhrogha do líon níos mó comaitéirí laethúla.

Ba chóir do na CPSanna ar iompar ról comhairliúcháin agus éascaithe a imirt ag tacú le pobail áitiúla leis an gcuid is fearr a bhaint as na tacaíochtaí bus breise a mholtar.

MOLANN SINN FÉIN:

- **Oibríonn CPSanna comhairle ar iompar go réamhghníomhach lena chinntiú nach ndéanann athruithe ar iompar poiblí ach soláthar a fheabhsú agus go bhfreastalaíonn sé ar riachtanais an phobail**
- **Níos mó seirbhísí bus do thuath na hÉireann**

LEATHANBHANDA

Do ghnólachtaí beaga i gceantair thuaithe, is beag an bhrí a bhaineann le caint ar thacaíochtaí Brexit agus pleananna fáis mura bhfuil rochtain ag pobail fiú ar leathanbhanda ar ardchaighdeán agus mura bhfuil gnólachtaí áitiúla íocaíochtaí cárta dochair a phróiseáil.

Tá sé in am do thús nua faoin tuath in Éirinn.

Tá conspóid mhór ann maidir leis an bPlean Náisiúnta Leathanbhanda agus drochmhargadh amach is amach é don íocóir cánach gan chinntiú go seachadfar é ar chor ar bith.

Le plean an Rialtais chun seirbhísí leathabnbhanda a phríobháidiú, tá sitriú stairiúil i gceist le maoin phoiblí ag dul chuig earnáil phríobháideach, rud a bhainfidh seirbhísí tábhachtacha de cheantair thuaithe amach as seo.

Tá Sinn Féin ag rá gur féidir an Plean Náisiúnta Leathanbhanda a sheachadadh tríd an mBord Soláthar Leictreachais, rud a chinnteoidh go seachadfar infreastruchtúr leathanbhanda chuig tithe, feirmeacha agus gnónna gan mhoill, agus go ndéanfar seo uilig trí chomhlacht poiblí a bhfuil taithí ag baint leis agus a bhfuil muinín ag an bpobal as.

Chinnteoidh sé seo gur féidir leas a bhaint as an infreastruchtúr atá ann cheana chun leathanbhanda ardluais a sheacadadh le margadh níos fearr don phobal agus le smacht daonlathach air. Féadfar leathanbhanda a sheachadadh trí comhlacht lán taithí a bhfuil muinín ag an bpobal as agus a léirigh arís is arís eile gur féidir leis tograí a sheachadadh. Chinnteoidh sé go mbeidh infreastruchtúr ríthábhachtach faoi úinéireacht phoiblí chun infheistíocht a chinntiú do na glúnta romhainn.

Chomh maith leis sin, ba chóir do Chiste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann comhpháirtíocht a dhéanamh le húdaráis áitiúla le hinfheistiú i gcruthú moll leathanbhanda le háiteanna oibre do ghnólachtaí áitiúla agus le níos mó cianoibre a éascú.

MOLANN SINN FÉIN:

- **Infreastruchtúr in úinéireacht BSL a úsáid le leathanbhanda a rolladh amach faoin tuath in Éirinn**
- **ISIF comhpháirtíocht a dhéanamh le húdaráis áitiúla le moill leathanbhanda agus spásanna a oibre a sholáthar**

OIDEACHAS

Tá an earnáil oideachais sa stát tearcmhaoinithe agus trí chéile. Tá difear mór sa ghnóthachtáil oideachais ó cheantar go ceantar, le fadhbanna éagsúla ag eascairt ó na tosca sna ceantair sin.

Tá a fhios ag pobail áitiúla cad iad na saincheisteanna, cé acu easpa áiteanna scoile, easpa rogha do thuismitheoirí, fadhbanna le hiompar scoile, easpa deiseanna don bhreisoideachas nó d'oiliúint scileanna. Is fearr na fadhbanna áitiúla seo a réiteach le peirspictíocht a bhfuil bonn eolais áitiúil ceart aici. Tá ionchur níos mó de dhíth ar ionadaithe áitiúla mar sin leis na fadhbanna a aithníonn tuismitheoirí áitiúla, mic léinn agus oideachasóirí le chéile a réiteach.

Is mian le Sinn Féin cur chuige comhtháite, ón gcliabhán go dtí an uaigh, i leith an oideachais, rud a chinntíonn go mbaineann gach duine amach a n-acmhainneacht agus a dhearbhaíonn do gach duine comhdheiseanna lena spriocanna oideachais a bhaint amach.

Chuige seo, is mian le Sinn Féin go bainfear úsáid láidir as na Coistí Polasaí Straitéisigh (CPSanna) i gcomhairlí áitiúla le tionchar a imirt ar an earnáil oideachais ina gceantair údaráis áitiúil. Ba chóir go gcinnteodh seo go bhfuil rannpháirtíocht imleor le gníomhaireachtaí agus eagrais chuí áitiúla, réigiúnacha agus stáit lena chinntiú go mbaintear amach deiseanna sna luathbhlianta, bunscolaíocht, iar-bhunscolaíocht, tríú leibhéal, printíseacht agus foghlaim fad saoil dár saoránaigh go léir.

Bhreathnódh Sinn Féin air seo mar chéad chéim thábhachtach in atheagrú radacach ar ár n-earnáil oideachais atá dírithe ar sholáthar an oideachais mar cheart do chách.

MOLANN SINN FÉIN:

- **A chinntiú go ndéantar seirbhísí oideachais agus oiliúna a chuimsiú i scéimeanna CPS de chuid gach údarás áitiúil.**
- **Go ndéanfadh CPSanna tosaíocht de chinntiú go bhfuil áiseanna imleora iompair scoile ar fáil dóibh siúd go léir a bhfuil iompar de dhíth orthu, go háirithe iad siúd a bhfuil riachtanais bhreise acu nó a chaithfidh bealach fada a thaisteal le hoideachas a rochtain**
- **Go mbeadh ionadaithe áitiúla in áit mhaith le bheith ag obair leis an Roinn Oideachais agus Scileanna, an NCSE agus tuismitheoirí lena chinntiú go bhfuil soláthar cuí agus imleor ranganna do dhaltaí a bhfuil Riocht Speictream an Uathachais (RSU) acu agus do sheirbhísí oideachais speisialta eile sa cheantar de réir an leibhéil riachtanais.**

CÚRAM PÁISTÍ

Creideann Sinn Féin go gcaithfidh cúram páistí ar ardchaighdeán agus inacmhainne a bheith inrochtana go réidh do chách is mian leo úsáid a bhaint as.

Ní chreidimid gur chóir go mbeadh ar aon tuismitheoir méid comhionann le dara morgáiste a íoc ar son cúram páistí. Inár mbuiséad malartach léirigh Sinn Féin don rialtas gur féidir praghas an chúraim leanaí a ghearradh ina leath do thuismitheoirí agus, ag an am céanna, leibhéil phá a ardú ar fud na hearnála trí níos mó infheistíochta poiblí.

Ní hamháin go bhfuil infheistíocht i seirbhísí luathbhlianta chun leasa do leanaí maidir le hoideachas agus go sóisialta, ach tá buntáistí ag baint leis don tsochaí ar fad – lena n-áirítear ag ligean d'oibrithe a bhfuil scileanna agus taithí acu filleadh ar an obair, agus na mílte saoránach a fhostú san earnáil. Tá léirithe ag staidéir chomh maith go bhfuil fáltais eacnamaíocha fadtéarma amach anseo ag infheistíocht san oideachas luathóige agus sa chúram.

Creideann Sinn Féin gur chóir plé le cúram páistí mar sheirbhís phoiblí. Creidimid go bhfuil múnla a bhfuil fóirdheontas poiblí aige, ar ardchaighdeán agus inrochtana ag cách inbhainte amach má thugtar an meas agus an maoiniú don earnáil atá tuillte aici. Áirítear leis seo pá cothrom d'oideachasóirí luathbhlianta.

Má fheidhmítear é ar bhealach forásach, is féidir lenár gcóras cúraim páistí a bheith ina fhostóir suntasach ann féin agus tuilleadh fáis san eacnamaíocht a éascú.

Cé nach bhfuil smacht díreach ag rialtas áitiúil ar chúram páistí faoi láthair, is féidir le comhairleoirí áitiúla a chinntiú go gcuireann forbróirí agus pleanálaithe áiseanna cúraim leanaí san áireamh mar chuid dá gcead pleanála. Rinne Sinn Féin argóint le deireanas gur chóir soláthar d'áiseanna cúraim páistí a bheith san áireamh i ngach forbairt páirce gnó de chuid IDA amach anseo.

Is beart ciallmhar é a chinntiú go bhfuil cúram páistí ar fáil do gach duine a bhfuil sé de dhíth orthu théann chun leasa do phobail áitiúla go sóisialta agus go heacnamaíoch, agus seasfaidh comhairleoirí Shinn Féin le tuismitheoirí agus le soláthraithe lena chinntiú go gcomhlíontar na héilimh seo.

MOLANN SINN FÉIN:

- **Cúram leanaí inacmhainne d'ardchaighdeán a chur i bhfeidhm do gach duine ar mian leo leas a bhaint as**
- **Infheistíocht phoiblí a mhéadú chun praghas cúraim leanaí do thuismitheoirí a leathadh agus chun pá d'oibrithe cúram leanaí a mhéadú**
- **Tacaíocht leanúnach a chinntiú don scéim Fóirdheontais um Chúram Leanaí Pobail a ligeann do theaghlaigh ar ioncam íseal leas a bhaint as cúram leanaí ardchaighdeáin ar ráta laghdaithe agus cóistí pobail a choinneáil oscailte**
- **Tacú le soláthar bunmhaoinithe do na creiseanna pobalbhunaithe áitiúla chun rochtain chothrom a chinntiú do gach duine a bhfuil sé de dhíth air**

POBAIL FHOLLÁINE

Cé nach bhfuil ionchur díreach ag comhairlí féin leis na seirbhísí sláinte arna gcur i bhfeidhm ag FSS, tá ról tábhachtach ag comhairleoirí Shinn Féin maidir le seirbhísí áitiúla a chosaint agus abhcóideacht a dhéanamh dá leathnú nuair is gá. Leanfaidh ionadaithe Shinn Féin de bheith ag troid lena chinntiú go bhfuil do sheirbhísí sláinte áitiúla oiriúnach don chuspóir, inrochtana agus ar fáil.

CÚRAM PRÍOMHÚIL

Glacadh le hIonaid Chúraim Phríomhúil mar ionad ilfhreastail do riachtanais sláinte bhunúsacha daoine lasmuigh d'ospidéal agus sa phobal. Ba chóir go mbeadh dochtúir ginearálta agus gairmithe sláinte eile mar altraí, fisiteiripeoirí, teiripeoirí

saothair, agus comhairleoirí san áireamh sna hionaid.

Mar sin féin, in ainneoin fógraí rialtais agus faoisimh níl aon dhochtúir teaghlaigh ag duine as gach cúig cinn de na hionaid chúraim phríomhúil agus níl foireann riachtanach eile acu chomh maith. Téann sé seo go hiomlán in aghaidh chuspóir na nIonad Cúraim Phríomhúil agus má dhéantar foireann a aistriú ó áiteanna eile sa phobal chuig na haonaid ní dhéanfar ach brú sa bhreis a chur ar fhoireann atá tearc i réimsí eile sa phobal.

Ní hionann soláthar ionad cúraim phríomhúil, gan na seirbhísí riachtanacha a sholáthar iontu agus soláthar cúraim phríomhúil. Is féidir agus ba chóir go mbeadh ról ollmhór ag cúram príomhúil agus pobail a bhfuil acmhainní cuí leis maidir le cúram sláinte a sheachadadh go díreach do dhaoine ina bpobail agus ba chóir go laghdódh sé an brú ar ospidéil freisin.

Is léir go seachadann rochtain fheabhsaithe ar dhochtúirí teaghlaigh agus ar sheirbhísí eile sa phobal diagnóisic níos fearr agus luath-idirghabhálacha d'othair agus laghdaíonn sé brú ar ospidéil freisin, go háirithe má tá fócas méadaithe ar chúram coisctheach sa phobal.

Tá cúram príomhúil láidir agus éifeachtach bunúsach d'fheidhmíocht fhoriomlán an chórais sláinte, cuireann sé sláinte phoiblí níos fearr ar fáil agus aistríonn sé níos mó i dtreo galair a chosc agus idirghabháil luath, in éineacht leis an tsamhail thraidisiúnta 'diagnóisiú agus cóireáil'.

Ní féidir é seo a dhéanamh ach trí chúram príomhúil éifeachtach sa phobal.

Beidh foireann láidir Sinn Féin ar do chomhairle ag troid chun cúram sláinte cuí a sholáthar dár bpobal.

CRIOSANNA PÁIRCEÁLA SAOR IN AISCE A SHOLÁTHAR D'OTHAIR TIMPEALL NA N-OSPIDÉAL

Is ualach breise iad táillí páirceála ar othair atá tinn agus a dteaghlaigh. Ní mór dúinn beart cróga a dhéanamh chun déileáil le hábhar imní tromchúiseach.

Tacaíonn Sinn Féin le táillí páirceála a bhaint ar shiúl in ospidéil agus leanfaidh sé ar aghaidh ag troid ar a shon ar leibhéal uile-stáit. Tá feicthe againn sa Bhreatain Bheag an dóigh ar chuir an tSeirbhís Náisiúnta Sláinte (NHS) ann deireadh le gach muirear páirceála, agus cuireann sé treoirphlean ar fáil faoin dóigh ar féidir é a dhéanamh anseo.

Is costas éagórach iad táillí páirceála ar dhaoine a fhreastalaíonn ar ospidéil go minic, cibé acu othair, baill foirne nó cuairteoirí iad. Ní mór dúinn a bheith ag obair i dtreo páirceáil saor in aisce d'fhonn cur chuige níos cothroime agus níos comhsheasmhaí maidir le polasaí páirceála a chur ar fáil.

Oibreoidh foireann láidir de chuid Sinn Féin ar do Chomhairle le hospidéil agus le grúpaí geallsealbhóirí chun páirceáil saor in aisce a sholáthar d'othair agus dá dteaghlaigh i gcóngaracht ospidéal nuair is féidir é sin a dhéanamh.

RÓL AN SPÓIRT I GCÚRAM SLÁINTE COISCTHEACH

Tá ról ollmhór ag an spórt inár bpobail agus do dhaoine ar fud an Stáit. Ar an drochuair, ní féidir le go leor daoine dul i mbun spóirt agus gníomhaíocht fhisiciúil de cheal áiseanna inrochtanta.

Creideann Sinn Féin gur gá dúinn leas a bhaint as spórt agus gníomhaíocht fhisiciúil chun cabhrú le daoine a sláinte fhisiciúil agus mheabhrach a fheabhsú. Tá a fhios againn gurb í an ghníomhaíocht fhisiciúil, lena n-áirítear gníomhaíocht rialta agus gníomhaíocht spóirt, an bealach is fearr chun fanacht aclaí go fisiciúil agus go meabhrach. Cuidíonn sé le dul i ngleic le saincheisteanna meáchain agus murtaill, agus tá páirt thábhachtach aige an tionchar a bhíonn ag go leor coinníollacha fisiciúla agus meabhrach eile a laghdú nó a chosc.

Seachas na sochair sláinte aonair, tá fianaise ann ar na tairbhí sóisialta díreacha agus indíreacha dearfacha a bhaineann le rannpháirtíocht i spórt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil.

Mar sin féin, léirigh taighde ag leibhéal Eorpach go bhfuil méadú tagtha ar líon na ndaoine a deir nach bhfeidhmíonn siad nó nach n-imríonn siad spórt riamh. Go deimhin, is é an figiúr in Éirinn ná 31%. Tá an iomarca daoine ar fud na hÉireann nach bhfuil gníomhach go fisiciúil go leor, agus bíonn tionchar tromchúiseach aige sin ar shláinte fhisiciúil agus mheabhrach go ginearálta, chomh maith le minicíocht galar in-aisghabhála áirithe, agus cuireann sé le líon na mbásanna roimh am.

D'fhonn a chinntiú go mbeidh gníomhaíocht fhisiciúil níos inrochtana, ní mór dúinn a chinntiú go mbíonn áiseanna spóirt ar fáil go ginearálta.

Beidh foireann láidir Sinn Féin ar do chomhairle ag troid chun áiseanna cuí spóirt a sholáthar dár bpobal.

MOLANN SINN FÉIN:

- **Troid ar son ionaid chúraim phríomhúil lánfhostaithe i do phobail.**
- **Ag obair le hospidéil agus le grúpaí páirtithe leasmhara chun páirceáil saor in aisce a sholáthar d'othair agus dá dteaghlaigh i gcóngaracht ospidéal.**
- **Troid chun áiseanna cuí spóirt a sholáthar dár bpobal.**

MEABHAIRSHLÁINTE

In ainneoin feasacht i bhfad níos mó a bheith acu ar cheisteanna meabhairshláinte i measc an phobail i gcoitinne, tá na seirbhísí a mbíonn a lán daoine ag brath orthu ina gcuid teagmhas is leochailí faoi fhoirne, tearcmhaoinithe agus ró-deacair teacht orthu.

Bhí tionchar tubaisteach ag an teip ar sheirbhísí leordhóthanacha a sholáthar ar dhaoine gan áireamh, a dteaghlaigh agus a bpobail. Tá an mheabhairshláinte ina comhchuid riachtanach i bhforbairt sochaí níos fearr inar féidir le gach duine a gcumas a bhaint amach.

Is ceart daonna é cúram sláinte meabhrach agus caithfidh sé a bheith saor, inrochtana agus éifeachtach in Éirinn léiríonn meas ar a muintir.

Is deis thábhachtach é an toghchán áitiúil chun béim a leagan ar cad is féidir agus ba chóir a dhéanamh ar leibhéal áitiúil chun meabhairshláinte agus folláine daoine a fheabhsú.

Bhí Sinn Féin chun cinn maidir le saincheisteanna meabhairshláinte a chur ar an gclár oibre ag leibhéal áitiúil agus náisiúnta. Bhí páirt lárnach againn i bhforbairt tograí Meabhairshláinte faoi Healthcare agus i dTuarascáil an Choiste Oireachtais ar Thodhchaí na Meabhairshláinte. I gcomhairlí ar fud an oileáin táimid ag troid le haghaidh seirbhísí níos fearr, i gcoinne ciorruithe agus le haghaidh cur chuige nua chun freastal ar riachtanais na bpobal atá buailte ag meabhairshláinte, féinmharú agus andúil.

Leanfaidh Sinn Féin ag obair chun straitéisí éifeachtacha áitiúla a fhorbairt chun dul i ngleic le meabhairshláinte agus féinmharú a chosc trí thacú le tionscnaimh phobail agus éileamh níos fearr a dhéanamh ar FSS.

Aithníonn Sinn Féin gur ceisteanna sláinte phoiblí iad go príomha an cearrbhachas agus andúil drugaí agus alcóil. Tacaímid le cur chuige iomlánaíoch maidir le cosc, athshlánú agus téarnamh.

Tacaíonn Sinn Féin le forbairt na gceantar folláine, forbairt uirbeach i gcomhréir leis an taighde acadúil is nua-aimseartha ar an gcaoi a dtéann ár spásanna i bhfeidhm ar ár bhfolláine. Mar shampla, fuarthas go raibh tionchar ag tírdhreachú, dathanna, soilsiú agus torann, rochtain ar an dúlra agus dearadh atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a bhí le leas na sochaí. Tá sé mar aidhm ag ceathrú folláine a bheith mar eiseamláir den dea-chleachtas maidir le torthaí an taighde seo a sheachadadh, chun spásanna pobail níos láidre a spreagadh.

MOLANN SINN FÉIN:

- **Seirbhísí meabhairshláinte pobalbhunaithe feabhsaithe a éileamh go háitiúil do leanaí agus do dhaoine fásta agus cur i bhfeidhm na Tuarscála A Vision for Change, Sláintecare and the Future of Mental Health Report.**
- **Tacú le tionscnaimh mheabhairshláinte faoi stiúir an phobail agus iad a chur chun cinn**
- **Seirbhísí speisialtóireachta meabhairshláinte a chosaint agus a leathnú dóibh siúd atá gan dídean**
- **Gach buiséad de chuid na gcomhairlí a chuimsiú le haghaidh na Meabhairshláinte**
- **Tacú le forbairt na gCeathrún Folláine inár mbailte agus inár gcathracha**
- **Ag obair le pobail agus le seirbhísí chun Pleananna Freagartha Áitiúla a fhorbairt do gach limistéar le haghaidh féinmharú a chosc agus chun cúrsaí meabhairshláinte a chur chun cinn**
- **Feabhas a chur ar sheirbhísí agus ar shaoráidí pobail a chothaíonn folláine mheabhrach mar bhotháin na bhfear agus caiféanna óige**
- **Tacú le bunú seirbhísí Meabhairshláinte Óige Jigsaw i ngach ceantar oiriúnach**
- **Fócas a dhíriú ar riachtanais níos leithne na ndaoine sin a bhfuil cóireáil á lorg acu ar andúil lena n-áirítear cóiríocht, oideachas, gairmoiliúint, fostaíocht agus riachtanais chúraim leanaí**

COMHIONANNAS DO DHAOINE A BHFUIL MÍCHUMAS ACU AGUS DAOINE NÍOS SINE

DAOINE A BHFUIL MÍCHUMAS ACU

Tá os cionn 650,000 duine faoi mhíchumas ina gcónaí i ndeisceart na hÉireann de réir daonáirimh 2016. Dhaingnigh Éire Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas i Márta 2018. Ní mór é a bheith curtha chun feidhme anois agus sochaí chuimsitheach inrochtana bunaithe ar chearta do gach duine. Tá ról ag údaráis áitiúla maidir leis an tsochaí seo a sholáthar. I rialtas áitiúil déanfaidh comhairleoirí Shinn Féin cumais agus cumais dhifriúla gach duine a mheas agus cinntí á ndéanamh acu.

I rialtas áitiúil déanfaidh comhairleoirí Sinn Féin machnamh ar an gcostas breise a bhaineann le míchumas agus cinntí á ndéanamh acu. Tá na costais seo substaintiúil agus meastar gurb ionann iad agus 35.4% d'ioncam indiúscartha an teaghlaigh. Is céim loighciúil é aghaidh a thabhairt ar chostais bhreise eacnamaíocha an mhíchumais chun gnéithe den eisiamh sóisialta do dhaoine faoi mhíchumas a mhaolú.

I gcás daoine faoi mhíchumas, ní hé airgead an t-aon bhac atá ann ar shaol fíor-chomhionann a chaitheamh, saor ón imní. Eascraíonn bacainní breise as an timpeallacht thógtha agus as dearadh agus stíl na seirbhísí - príobháideach agus poiblí. Trí chur chuige uile-rannach uile-Údaráis agus trí phromhadh míchumais a dhéanamh ar a chuid oibre féin go léir is féidir le Comhairlí áitiúla cuimsiú níos mó a chur chun cinn agus saol a gcónaitheoirí faoi mhíchumas a fheabhsú go mór.

I rialtas áitiúil tabharfaidh Sinn Féin tús áite d'fhorbairt pobail chuimsitheacha agus inrochtana. Chun seo a bhaint amach, cinnteoimid go bhfuil na pleananna uile ag teacht leis an Straitéis Náisiúnta Míchumais (NDSIP) agus le Coinbhinsiún na NA um Chearta Daoine faoi Mhíchumas (UNCRPD)

MOLANN SINN FÉIN NA NITHE SEO A LEANAS:

- **Cinntítear go gcuirfeadh agus go n-oibreodh gach Údarás Áitiúil lena gcuid oibre a phromhadh ó thaobh míchumais de, lena n-áirítear buiséid bhliantúla agus a chinntiú go bhfuil a gceantair áisiúil do dhaoine faoi mhíchumas. Ba chóir go mbeadh cur chuige il-rannach agus uile-Údaráis i leith saincheisteanna míchumais m.sh. Iompar / Comhshaol / Airgeadas srl. i ngach Údarás Áitiúil**
- **D'fhostódh gach Údarás Áitiúil Oifigeach Idirchaidrimh / Rochtana agus Comhionannais do Dhaoine faoi Mhíchumas ar féidir le daoine faoi mhíchumas teagmháil a dhéanamh leo agus bualadh leo má bhíonn tacaíochtaí rochtana sainiúla de dhíth orthu agus ar féidir leo dul i ngleic le fadhbanna ar bith a bhíonn orthu nuair a bhíonn siad ag teacht ar sheirbhísí**
- **Ba chóir daoine faoi Mhíchumas a spreagadh agus freastal a dhéanamh orthu chun poist a ghlacadh ar fhorais chinnteoireachta ag leibhéal áitiúil.**
- **Ba chóir maireachtáil neamhspleách a chur chun cinn i gcónaí i gcomhréir le beartas dí-phobail an Rialtais agus fosta chun ligean do dhaoine faoi mhíchumas bogadh ar aghaidh ó shuíomhanna thithe an teaghlaidh nuair a lorgaítear iad.**
- **Cinntímid go gcomhlíonann gach foirgneamh sóisialta agus Príobháideach caighdeáin deartha uilíocha. Ba chóir go dtarlódh rannpháirtíocht freisin le Comhlachtaí Tithíochta Faofa chun soláthar tithíochta a chinntiú do dhaoine faoi mhíchumas.**
- **Ar aon dul leis an Straitéis Tithíochta Náisiúnta do Dhaoine faoi Mhíchumas, ba cheart do Choistí Stiúrtha Tithíochta agus Míchumais i ngach Údarás Áitiúil nuashonrú rialta a dhéanamh ar ionadaithe Rialtais Áitiúil ar obair a ngrúpaí chun maoirseacht a dhéanamh ar an iarracht soláthar tithíochta sóisialta a fheabhsú do dhaoine faoi mhíchumas.**

- **Coinníonn gach údarás áitiúil clár de gach tithíocht shóisialta inrochtana do chathaoir rothaí ina gceantar agus ina stádas áitíochta**
- **Ba cheart go gcinnteodh gach Údarás Áitiúil go bhfuil ar a laghad 7% de na tithíocht shóisialta nua go léir ina dtithíocht inrochtana do chathaoireacha rothaí, chun críocha maireachtála, rud a mhéadódh bunaithe ar an liosta tithíochta faofa agus ar an éileamh sa cheantar.**
- **D'fhorbródh gach Údarás Áitiúil straitéis chun úsáid Teanga Chomharthaíochta na hÉireann a bheith san áireamh agus a chur chun cinn in obair na nÚdarás nuair is féidir**
- **Éilímid ar an Rialtas Láir maoiniú leordhóthanach a thabhairt do gach Údarás Áitiúil chun freastal ar riachtanas mar a éilítear ar Dheontais Oiriúnaithe Tithíochta agus chun deireadh a chur le liostaí feithimh reatha**
- **Bhainfeadh gach Údarás Áitiúil úsáid as oiliúint feasachta Uathachais leis an bhfoireann agus d'oibreoidís chun straitéisí áitiúla um chumhachtú uathachais a fhorbairt**
- **Chuirfeadh gach Údarás Áitiúil fostaíocht daoine faoi mhíchumas chun cinn agus a thacódh sé leis agus d'fhéadfadh sé na spriocanna reachtúla atá i bhfeidhm a shárú. Ba chóir go mbeadh saineolaithe míchumais i bhfeidhm laistigh de Bhoird Oiliúna Oideachais chun cabhrú le mic léinn i dtreo breisoideachais agus / nó fostaíochta.**

DAOINE NÍOS SINE

Áit níos scoite atá in Éirinn uirbeach agus in Éirinn na tuaithe do dhaoine níos sine, níos scoite ná mar a bhí riamh san aimsir a chuaigh thart. Aithníonn Sinn Féin an ról riachtanach atá ag Údaráis Áitiúla le bheith ag obair le gníomhaireachtaí agus páirtithe leasmhara eile chun cuimsiú a chur chun cinn do gach duine sa tsochaí agus go háirithe iad siúd is mó ar an imeall, agus daoine níos sine san áireamh. Ba chóir rannpháirtíocht shóisialta do gach duine aosta a spreagadh go gníomhach i ngach imeacht cathartha agus in aon ócáid Údaráis Áitiúil. Molann Sinn Féin roinnt beart is féidir a chur i bhfeidhm ag leibhéal an Údaráis Áitiúil chun cabhrú le daoine níos sine ó thaobh airgid, sóisialta agus cultúrtha de.

MOLANN SINN FÉIN NA NITHE SEO A LEANAS:

- **Éilímid ar an Rialtas Láir maoiniú leordhóthanach a thabhairt do gach Údarás Áitiúil chun freastal ar riachtanas mar a éilítear le haghaidh Deontais Oiriúnaithe Tithíochta agus chun deireadh a chur le liostaí feithimh reatha**
- **Bearta cuimsitheachta do Dhaoine Níos Sine a chur chun cinn chun deireadh a chur le haonrú sóisialta agus féachaint le fóram Daoine Níos Sine a bhunú i ngach Údarás Áitiúil**
- **Oibriú le gníomhaireachtaí agus le páirtithe leasmhara eile chun feachtais feasachta bhliantúla a reáchtáil ag leibhéal áitiúil chun drochíde seanóirí a dhíothú**
- **Dul i dteagmháil le soláthraithe cúraim shóisialta eile mar aon leis an Údarás Áitiúil chun maireachtáil neamhspleách a chur chun cinn i ngach cás nuair is féidir**
- **Eolas atá éasca le húsáid a sholáthar ar na tacaíochtaí agus na seirbhísí go léir atá ar fáil ó Údaráis Áitiúla**
- **Rannpháirtíocht shóisialta do gach duine aosta a spreagadh in imeachtaí cathartha agus in Údaráis Áitiúla**
- **Dul i dteagmháil le soláthraithe seirbhísí áitiúla néaltraithe chun deiseanna comhoibrithe a aithint, go háirithe maidir le rochtain a fháil ar shaoráidí áitiúla cuí chun an raon seirbhísí atá ar fáil do dhaoine le néaltrú agus a dteaghlaigh a leathnú**
- **Deiseanna a sholáthar ag cruinnithe na comhairle áitiúla do dhaoine a bhfuil néaltrú ag dul i gcion orthu chun na saincheisteanna agus na dúshláin atá rompu a roinnt agus bealaí ar féidir leis na hÚdaráis Áitiúla tacú leo chun aghaidh a thabhairt orthu seo.**
- **Pobail chuimsitheacha néaltraithe a chruthú trí rannpháirtíocht na nÚdarás Áitiúil a mhéadú agus a fhorbairt san fheachtas *Dementia: Understanding Together***

SÁBHÁILTEACHT AN PHOBAIL & DUL I NGLEIC LEIS AN GCOIRIÚLACHT

Ní mór dúinn a bheith ag obair le chéile chun chinntiú go bhfuil ár bpobail ag cur fáilte roimh áiteanna sábháilte le cónaí, obair, staidéar iontu agus cuairt a thabhairt orthu. Ar an drochuair, tá méadú tagtha ar iompar frithshóisialta agus coireacht thromchúiseach i roinnt dár bpobail le déanaí. Tá sé riachtanach go rachaimid i ngleic le cúiseanna agus iarmhairtí seo.

Tá na buiséid gearrtha, áfach, ag seirbhísí promhaidh, Gardaí, seirbhísí óige agus tascfhórsaí drugaí. Bhí tionchar an-diúltach aige seo. Tá sé do-ghlactha a bheith ag súil le seirbhísí chun dul i ngleic le fadhb atá ag fás le níos lú acmhainní.

Is dúshlán laethúil anois é imeaglú a bhaineann le drugaí do go leor daoine agus dá dteaghlaigh. Léirigh tuarascáil le déanaí ó Fheachtas Géarchéime Drugaí na Cathrach agus ón mBord Taighde Sláinte doimhneacht an imeaglaithe. Níor thuairiscigh 74% díobh siúd a bhfuil imeaglú orthu eachtraí do na Gardaí. Fuair 37% de na daoine gortú fisiciúil, thuairiscigh 67% fadhbanna meabhairshláinte mar gheall ar an imeaglú. Ach thuairiscigh 90% eachtraí do ghrúpaí pobail agus do bhaill teaghlaigh.

Bhí comhairleoirí Shinn Féin Bhí chun tosaigh i gcomhoibriú le daoine eile chun deireadh a chur le ciorruithe agus le hinfheistíocht mhéadaithe i seirbhísí áitiúla agus seasamh le pobail áitiúla in aghaidh imeaglú ó ghnéithe coiriúla agus frithshóisialta.

Níl na struchtúir a cuireadh i bhfeidhm oiriúnach don fheidhm a thuilleadh. Is beag nasc atá idir Comhchoistí Póilíneachta, Fóraim Phóilíneachta Áitiúla agus na pobail ar bunaíodh iad chun ionadaíocht a dhéanamh dóibh. Gearradh an maoiniú do Thascfhórsaí Áitiúla Drugaí agus Alcóil agus is suntasach nach bhfuil gníomhaireachtaí Rialtais ann. Ní mór athrú teacht air seo. Leis an gceannasaíocht cheart pholaitiúil is féidir seo a athrú.

Ní mór dúinn a chinntiú freisin go ndéileáltar go leordhóthanach leo siúd a leanann ar aghaidh ag déanamh ifreann saoil dá bpobail agus go gcuirfear i bpríosún iad nuair is gá. Is ró-mhinic a fheiceann daoine coirpigh thromchúiseacha agus ciontuithe iolracha acu ag siúl saor ón gcúirt le pianbhreitheanna neamhchoimeádta nó ar fionraí. Baineann sé seo an bonn de mhuinín sa chóras ceartais agus mar thoradh air sin tá ganntanas cabhrach i measc na bpobal a bhfuil tionchar acu orthu. D'éirigh le Sinn Féin treoirlínte pianbhreithe a chuimsiú i reachtaíocht le déanaí - sainchomhartha in athchóiriú ceartais choiriúil - a chinnteoidh go mbeidh níos mó comhsheasmhachta agus trédhearcachta i gceist le pianbhreith a ghearradh.

Nuair a ghoidtear uirlisí agus innealra luachmhar ó fheirmeoirí agus ó cheardaithe, is féidir leis tionchar a imirt ar a gcumas chun beatha a thabhairt i dtír. Tá reachtaíocht tugtha isteach ag Sinn Féin chun Clár Míreanna Luachmhara a bhunú a chinnteoidh go mbeidh gach mír dá leithéid marcáilte ar leith agus gur féidir iad a rianú nuair a dhéanann coirpigh iarracht iad a dhíol.

Ba cheart Tascfhórsaí um Choireacht Tuaithe a bhunú i ngach Rannán Gardaí chun a chinntiú go ndírítear acmhainní go leordhóthanach ar na fadhbanna a théann i bhfeidhm ar na réimsí sin, ag díriú go leanúnach ar na dronganna agus daoine aonair a bhfuil eolas forleathan orthu go bhfuil baint acu le coireacht agus iompar frithshóisialta. Ag glacadh le cur chuige atá faoi stiúir an phobail, agus a athraíonn de réir mar is gá i gcomhairle le pobail áitiúla, ag glacadh le cur chuige níos réamhghníomhaí i leith póilíneachta i gceantair thuaithe.

MOLANN SINN FÉIN:

- **Maoiniú do sheirbhísí óige agus tascfhórsaí drugaí a athbhunú go leibhéil 2008 mar chéad chéim chun an t-easnamh maoinithe reatha a bhaint amach**
- **An Ciste um Riachtanais ag Teacht Chun Cinn agus an Ciste Áiseanna agus Seirbhísí do Dhaoine Óga a athbhunú**
- **Tosaíocht a thabhairt do sheirbhísí Gardaí pobalbhunaithe**
- **Sainordú a thabhairt do ranna Rialtais agus do ghníomhaireachtaí stáit chun athaontú le Tascfhórsaí Drugaí**
- **Comhordú níos fearr idir Comhchoistí Póilíneachta, Fóraim Phóilíneachta Áitiúla agus na pobail áitiúla**
- **Líon na nGardaí sna ceantair is mó a bhfuil gá leo a mhéadú**
- **Tuilleadh stáisiún Gardaí a oscailt faoin tuath in Éirinn**
- **Go gcinnteofar go gcuirfear treoirlínte pianbhreithe i bhfeidhm gan tuilleadh moille**
- **Clár míreanna luachmhara a thabhairt isteach le haghaidh uirlisí agus innealra ionas nach féidir iad a athdhíol**
- **Tascfhórsaí Coireachta Tuaithe a bhunú i ngach Rannán Garda**

AN GHAEILGE

Tá Sinn Féin tiomanta don Ghaeilge a chur chun cinn agus a úsáid sa saol poiblí agus sa saol príobháideach. Táimid tiomanta dá chosaint i reachtaíocht agus d'fheidhmiú Acht na Gaeilge sna 6 chontae.

Tá Sinn Féin in ann ár neart polaitiúil a úsáid freisin chun a chinntiú go soláthraíonn comhairlí rialtais áitiúil seirbhísí agus cosaintí chun cearta cainteoirí Gaeilge a chomhlíonadh.

Ní mór d'Údaráis Áitiúla a bhfreagrachtaí reachtúla a chomhlíonadh maidir leis an teanga m.sh. ba chóir go mbeadh gnó na comhairle indéanta trí Ghaeilge, i bpleanáil - ba chóir go n-ainmneofaí eastáit nua i nGaeilge, ba chóir don Chomhairle a bheith i gceannas ar Sheachtain na Gaeilge.

Ba chóir do chomhairlí áitiúla soláthar Gaeilge a sholáthar ar bhealach pleanáilte agus straitéiseach; i gcomhoibriú agus i gcomhairle leis na Comhphobail Ghaeilge agus le gníomhaireachtaí Gaeilge.

MOLANN SINN FÉIN:

- **Go mbeadh Oifigeach Gaeilge agus Coiste na Gaeilge ag gach údarás áitiúil**
- **Gurb iad na comhlairí a chuirfidh Seachtain na Gaeilge chun cinn**
- **Go n-ainmneofaí eastáit nua i nGaeilge agus iad ceangailte le cultúr, le hoidhreacht nó le stair an cheantair.**

NA hEALAÍONA

Creideann Sinn Féin gur féidir le dearthóirí, ceoltóirí, damhsóirí, físealaíontóirí, forbróirí gréasáin, déantóirí scannán agus taibheoirí atá ag teacht chun cinn a bheith faoi chosaint ón margadh cíosa gnó tráchtála, agus gur féidir urrús tionachta den sórt sin a sholáthar trí spásanna cultúrtha inacmhainne faoi úinéireacht údaráis áitiúla, ar cíos le tionóntaí cruthaitheacha do thionóntachtaí gearrthéarmacha agus fadtéarmacha a chinntíonn go bhfuil rochtain chothrom orthu.

Creideann Sinn Féin gur cuid riachtanach de gheilleagar atá ag teacht chun cinn í an chruthaitheacht.

Is tús le próiseas é seo trína gceapfadh gach Údarás Áitiúil (31) ealaíontóir cónaithe, ar feadh tréimhsí dhá mhí dhéag gach bliain, chun oibriú ar bhealach comhoibritheach leis an bhfoireann, chun tuiscint ghníomhach agus feasacht ar smaointeoireacht chruthaitheach agus próisis a fhorbairt agus chun obair a chruthú bunaithe ar a gcuid tuairimí agus eispéiris laistigh de leabharlanna poiblí, d'iarsmalanna, d'amharclanna agud d'ionaid phobail san údarás áitiúil. Ba chóir go mbeadh ról acu freisin maidir le feasacht ar shaincheisteanna aeráide a mhéadú trína n-ealaín chun cabhrú le feasacht phoiblí a ardú maidir le ceann de na dúshláin is mó atá ag ár nglúin.

Tá freagracht mhór ar Údaráis Áitiúla maidir le hobair agus gníomhaíocht a chumasú agus a chumhachtú i réimsí an chultúir, na n-ealaíon agus na hoidhreachta.

In 2018 b'ionann caiteachas clár ealaíon na n-údarás áitiúil agus € 67.2 milliún - beagnach ar aon dul le hinfheistíocht na Comhairle Ealaíon. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go n-athraíonn dáileadh an chaiteachais seo ó chomhairle go comhairle, ó €1.89 an ceann den daonra ar an leibhéal is ísle go €75 in aghaidh an duine den daonra ar an leibhéal is airde. Cé go léiríonn an éagothroime seo acmhainní agus tosaíochtaí gach Údaráis Áitiúil is ionann é agus easnamh daonlathach a d'fhéadfaí a bheith ann freisin: níl an ceart rochtana ar ghníomhaíochtaí cultúrtha cothrom ar fud an stáit.

MOLANN SINN FÉIN:

- **Go ndéanfadh údaráis áitiúla foirgnimh fholmha a athchóiriú ionas gur féidir le healaíontóirí na spásanna seo, ar leis an stát iad, a úsáid.**
- **Go ndéanfadh gach údarás áitiúil ealaíontóir cónaithe a cheapadh**
- **Go bhféacfadh rialtais áitiúla ina bhfuil an caiteachas is ísle 'in aghaidh an duine' ar chúrsaí cultúir iarracht seo a réiteach sna cúig bliana atá romhainn.**

MAOINIÚ DON RIALTAS ÁITIÚIL

Tá Sinn Féin tiomanta do dheireadh a chur leis an Cáin Mhaoine Áitiúil. Níl an cháin mhaoine cothrom agus tiocfaidh méadú air de réir a chéile. Laghdaíomar, nuair ab fhéidir, an Cháin Mhaoine Áitiúil le 15% gach bliain ó 2014. Chinntíomar nach ndeachaigh sé seo i bhfeidhm ar aon seirbhís phoiblí nó ar aon phost a bhí á fheidhmiú ag údaráis áitiúla.

Le 5 bliana anuas i gComhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, d'éirigh le Sinn Féin an laghdú uasta de 15% a bhaint amach. I gcodarsnacht leis sin, is í Comhairle Contae an Longfoirt, an t-aon chomhairle nach bhfuil comhairleoir ag Sinn Féin ann, an t-aon chomhairle a d'ardaigh í ag an uasmhéid.

Tá an cháin reoite ag an rialtas ag praghsanna 2013 ach ní féidir é seo a dhéanamh go deo agus tá méaduithe móra dosheachanta mura gcuirtear deireadh leis. Shábhálfadh sé seo €278 ar an meán in aghaidh na bliana ag 1.9 milliún d'úinéirí tí.

Bheadh faoiseamh ag teaghlaigh ó Cháin Mhaoine Áitiúil ó Rialtas agus Sinn Féin i gceannas air, agus ag an am céanna chuirfí maoiniú ar fáil do chomhairlí áitiúla lena chinntiú nach laghdófaí na cistí atá riachtanach chun maoiniú a sholáthar don phobal.

Chuirfeadh Sinn Féin brú mór ar thaisceoirí talún agus orthu siúd atá ag imshuí an mhargaidh thithíochta chun praghasanna a ardú trí Cháin Mhaoine Fholamh a thabhairt isteach, agus tríd Tobach um Shuíomhanna Folmha a mhéadú.

Bíonn comhairlí áitiúla ag brath ar rátaí gnó a bhailiú do chuid mhór dá maoiniú bliantúil, a soláthraíonn siad seirbhísí agus taitneamhachtaí áitiúla leis.

Is minic, áfach, a bhíonn an ceart ag gnólachtaí beaga nuair a luann siad go bhfuil neamhréireacht ag an leibhéal a ghearrtar rátaí, agus ar an dóigh a mbailítear iad. Cruthaíonn sé seo an tuairim nach bhfuil Cothrom na Féinne ann agus deacrachtaí don am atá romhainn.

Léiríonn roinnt meastachán go bhfuil €220m ar a laghad i rátaí tráchtála nach mbailítear go bliantúil iad, rud a fhágann comhairlí agus pobail gann ó thaobh an mhaoinithe de. Go deimhin, bíonn rátaí bailithe éagsúil idir comhairlí laistigh de raon 74% go 96%.

Deis amú atá ann. Is iad na Comhairlí Áitiúla is fearr atá in ann gníomhaíocht eacnamaíoch agus tacaíocht a thiomáint d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide atá bunaithe sa phobal agus a sholáthraíonn fostaíocht áitiúil riachtanach. Ba chóir go mbeadh acmhainní agus cumhacht ag comhairlí chun tacú leis na gnólachtaí agus na pobail áitiúla seo i lár bailte atá ag dul i léig a athbheochan. Ba chóir go mbeadh Cothrom na Féinne ann le páirceanna miondíola agus soláthraithe siopadóireachta idirlín lasmuigh den bhaile.

Mar bhealach leasuithe, tacaíonn Sinn Féin le bailiú rátaí a larú ionas go mbeidh géilliúlacht níos comhsheasmhaí ann. D'fhéadfaí é seo a dhéanamh trí chomhairle cheannasach a ainmniú leis an riarachán a dhéanamh, agus trí bhaill foirne reatha a cheapadh i ngach comhairle áitiúil mar phointe tagartha. Chabhrófaí leis seo trí bhunachar sonraí d'íocóirí rátaí a chruthú chun comhsheasmhacht bhailiúcháin a sholáthar.

Chuirfimis ar chumas comhairlí freisin straitéisí geilleagracha spriocdhírithe a leanúint ina gceantair trí lacáistí spriocdhírithe rátaí a spreagadh. Thabharfadh sé seo deis do chomhairlí cúnamh a sholáthar do shráideanna móra agus lár bailte chun beogacht agus gníomhaíocht a thabhairt ar ais chuig ionaid de dhaonra beag.

Is minic a choinnítear Comhairlí áitiúla ar gcúl mar gheall ar mhaoiniú neamhréireach nó uireasach. Is i bpobail áitiúla atá croílár shochaí na hÉireann, agus tá Sinn Féin tiomanta do phlean d'athghiniúint eacnamaíoch agus chultúrtha ár n-ionad uirbeacha, ár mbailte beaga agus ár bpobal tuaithe. Is iad comhairlí áitiúla an bealach is fearr chun é seo a dhéanamh.

Molann Sinn Féin gur chóir go mbeadh cobhsaíocht agus cinnteacht ag comhairlí áitiúla maidir le maoiniú stáit. Ba cheart don Rialtas maoiniú lárnach a sholáthar ar bhonn buiséid ilbhliantúla, in ionad a chur de cheangal ar Chomhairlí maoiniú a iarraidh má bhíonn sé ag teastáil uathu. Cuirfidh sé seo tionscadail agus seirbhísí comhairle níos intuartha agus níos fearr ar fáil. Go deimhin, dá dtabharfaí comhsheasmhacht agus cobhsaíocht buiséid ilbhliantúla do chomhairlí ansin d'fhéadfaí an sochar seo a chur ar aghaidh chuig FBManna trí dhearbhú níos mó maidir le rátaí - ag ligean dóibh pleanáil níos éifeachtaí a dhéanamh freisin.

Is tubaiste airgeadais agus sóisialta iad Comhpháirtíochtaí Poiblí Príobháideacha. Ní féidir brath ar PPPanna mar mhodh chun tithe nó athghiniúint a sholáthar d'údaráis áitiúla. D'fhág siad pobail i mBaile Átha Cliath agus i Luimneach scriosta trí thitim na bpleananna athfhorbartha.

Creideann Sinn Féin go gcaithfear tús áite a thabhairt do na pleananna athfhorbartha i Luimneach agus i mBaile Átha Cliath agus iad a chríochnú.

MOLANN SINN FÉIN:

- **Deireadh a chur leis an gcáin mhaoine áitiúil agus go dtí go dtarlaíonn sé seo, í a laghdú go dtí an méid is ísle is féidir i mbuiséid bhliantúla na comhairle**
- **Athbhreithniú fréamhacha agus brainse a dhéanamh ar an tsamhail mhaoinithe reatha rialtais áitiúil atá míchothrom agus mí-éifeachtach**
- **Aisíocaíochtaí rátaí spriocdhírithe a dhéanamh atá dírithe ar ghníomhaíocht a athbheochan i limistéir atá ag streachailt**
- **Ba cheart don Rialtas maoiniú cobhsaí agus áirithe a thabhairt do chomhairlí áitiúla**
- **Cur i gcoinne úsáid PPPanna agus comhfhiontar**
- **An chumhacht a lorg d'údaráis áitiúla chun rochtain a fháil ar fhoinsí neamhspleácha ioncaim mar shampla ón mBanc Eorpach Infheistíochta le haghaidh clár tógála agus tionscadail athghiniúna**

FORBAIRT GHEILLEAGRACH ÁITIÚIL

Ó aimsir thobchliseadh an gheilleagair, agus na blianta de dhéine a tharla ina dhiaidh, fágadh go leor de phobail agus de lárionaid bhailte follamh. Tugadh ar shiopaí teaghlaigh a thug seirbhís dá bpobal ar feadh na mblianta a ndoirse a dhúnadh, agus tá lár bailte dulta ar gcúl go mór ón am a bhí siad bríomhar agus rathúil.

Baintear úsáid as Ciste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann chun infheistiú i ndeiseanna thar lear agus sa bhaile. Le blianta beaga anuas, áfach, ní raibh ag éirí go maith le cúrsaí infheistíochta thar lear.

Creideann Sinn Féin in airgead na ndaoine Éireannacha a úsáid chun infheistíocht a dhéanamh i bpoitéinseal pobal ar fud an stáit.

Molaimid gur chóir €1bn de chiste infheistíochta ceannasaí mhuintir na hÉireann féin a úsáid chun athbheochan a dhéanamh ar lár bailte atá ag streachailt, agus tá sé i gceist ag Sinn Féin é seo a dhéanamh ar roinnt bealaí.

Déanfar é seo a sholáthar i gcomhpháirtíocht le comhairlí áitiúla ar fud an oileáin lena chinntiú go mbeidh an méid is mó le rá ag pobail maidir leis an dóigh ar cheart don stát infheistiú ina bpobail. Is féidir le húsáid Seiceálacha Sláinte Lár an Bhaile dóigh a bhfuil athrú tagtha ar an ngeilleagar i do phobal le blianta beaga anuas a léiriú, agus an méid is féidir a dhéanamh barrmhaitheas a bhaint amach.

Dhéanfaí infheistíocht a dhíriú ar aonaid ghnó fholmha, ag infheistiú i ngnólachtaí beaga (ag díriú orthu siúd a bhfuil luach comhshaoil agus sóisialta acu), agus ag bunú ionaid oibre iargúlta chun rogha a thabhairt do níos mó oibrithe fanacht ina bpobail in ionad turas fada comaitéireachta nach bhfuil gá leo agus a chuireann leis an trácht.

Aithníonn Sinn Féin an ról tábhachtach a bhí ag Oifigí Fiontair Áitiúla agus forbairt gheilleagrach a thiomáint. Feicimid freisin deis shuntasach chun an earnáil chomhoibritheach in Éirinn a fhás, rud a thabharfadh cothromaíocht don earnáil ilnáisiúnta atá míshocair agus a thabharfadh smacht níos mó ar thionscail dhúchasacha d'oibrithe áitiúla. Trí reachtaíocht, molann Sinn Féin an ceart a thabhairt d'oibrithe úinéireacht fostaí a iarraidh le linn comharbais ghnólachta. Ba cheart go mbeadh rochtain ag aon tionscnamh dá leithéid ar an raon iomlán tacaíochtaí i limistéar a n-údaráis áitiúil.

MOLANN SINN FÉIN:

- **Go dtéann CISÉ i gcomhpháirtíocht le húdaráis áitiúla chun €1 billiún a infheistiú ag athghiniúint lár bhailte agus ag cruthú ionaid oibre a bhfuil leathanbhanda ardteicneolaíochta iontu chun go mbeidh níos mó oibre cianta ann**

ATHCHÓIRIÚ AN RIALTAIS ÁITIÚIL

MÉARA NUATHOFA

Tacaíonn Sinn Féin le coincheap méara atá tofa go díreach - d'fhéadfadh sé seo tuilleadh cumhachtaí a chur isteach i lámha áitiúla agus atá freagrach do thoghthóirí.

Fáiltímid roimh na pobalbhreitheanna atá ar siúl i gCorcaigh, i Luimneach agus i bPort Láirge mar chéad chéim dhearfach.

Tá díomá orainn nach ndéanann na moltaí a d'fhógair an rialtas don ról aon chumhachtaí a dhíscaoileadh ó ranna rialtais nó ó ghníomhaireachtaí stáit.

Tá díomá orainn freisin nach bhfuil pobalbhreith ar siúl sna ceithre údarás áitiúla i mBaile Átha Cliath chun tuairimí daoine a fháil amach an bhfuil siad ag iarraidh méaraí tofa a bheith acu fosta.

Níl aon luach in oifig Mhéara atá siombalach amháin. Chun go n-éireoidh leis, tá sé riachtanach go mbeadh na cumhachtaí agus na hacmhainní aici chun fíordhifríocht a dhéanamh. D'fhéadfaí príomhfheidhmeanna a bhaineann le hiompar, le príomhbhóithre, le bainistíocht dramhaíola agus le turasóireacht a dhílsiú in oifig an Mhéara. D'fhéadfadh feidhm chomhordaithe straitéiseach a bheith ann freisin i gcomhpháirtíocht le húdaráis áitiúla eile i réimsí lena n-áirítear tithíocht, pleanáil agus forbairt eacnamaíoch.

Tá Sinn Féin i gcoinne tuarastal na méaraí a mhol an rialtas. Tá sé i bhfad ró-ard.

SAOIRE MHÁITHREACHAIS DO CHOMHAIRLEOIRÍ

Creideann Sinn Féin go gcaithfidh comhairleoirí a bheith in ann leas a bhaint as saoire mháithreachais nuair a bhíonn siad in oifig. De réir reachtaíocht reatha, meastar go bhfuil a shuíochán forghéillte ag comhairleoir atá as láthair ó chruinnithe na comhairle ar feadh níos mó ná 6 mhí. Is bac mór é seo ar go leor ban a d'fhéadfadh toghchán a lorg sa rialtas áitiúil, go háirithe mná óga.

Ní mór foráil a dhéanamh freisin chun a chinntiú go gcuirtear ionadaíocht leordhóthanach ar fáil do thoghtóirí comhairleora a bhaineann leas as saoire mháithreachais. Chuige seo, bheadh gá le cineál d'ionadaíocht a sholáthar trí chomhthoghadh sealadach a cheadú nó trí chead a thabhairt do sheachvótálaithe i ndlísheomraí agus i gcoistí na comhairle.

MOLANN SINN FÉIN:

- **Méaraí tofa go díreach a thabhairt isteach go dtí go mbeidh toradh ar na pobalbhreitheanna**
- **Leathnú ar an modh D'Hondt chun méaraí, SPCanna agus coistí a thoghadh le linn an téarma do níos mó comhairlí**
- **Cumhacht a dhílárú agus Comhairlí Baile a athchóiriú**
- **Ba chóir go mbainfí amach Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe agus Buiséadú Comhionannais i gcroílár an phróisis bhuiséid. Ba cheart go mbeadh gach cinneadh buiséadach cothrom agus cóir agus go gcosnódh sé na daoine leochaileacha, go dtabharfaí aghaidh ar neamhionannais struchtúracha agus go gcuirfidís leas na ndaoine seo agus na glúine atá le teacht chun cinn.**

SOLÁTHAR SÓISIALTA – BREISLUACH SÓISIALTA Ó CHAITEACHAS ÚDARÁIS ÁITIÚIL

Tá féidearthachtaí ollmhóra ag soláthar ag údaráis áitiúla chun geilleagair áitiúla a ardú agus fostaíocht atá freagrach go sóisialta ar bhonn comhshaoil a sholáthar i bpobail áitiúla.

Molann Sinn Féin straitéisí áitiúla chun saibhreas a thógáil chun é seo a dhéanamh. Ciallaíonn sé seo go mbíonn údaráis áitiúla ag obair go dlúth leis an bpobal agus le gnólachtaí beaga áitiúla agus le daoine eile chun acmhainneacht eacnamaíoch a uasmhéadú ar mhaithe le gach duine.

Go bunúsach, baineann sé seo le hÚdaráis Áitiúla a gcuid cumhachta soláthair agus caiteachais a úsáid chun infheistíocht a dhéanamh i bhfostóirí áitiúla agus conarthaí a fháil leo.

Ní mór don chéad údarás áitiúil scrúdú a dhéanamh ar an méid infheistíochta agus acmhainneachta geilleagair atá ag imeacht as an bpobal chun dochair do ghnólachtaí beaga agus do shlabhraí soláthair áitiúla.

Éilíonn an chéad chéim eile bunachar sonraí d'fhostóirí agus de sholáthraithe áitiúla a bhfuil tiomantas láidir acu dá bpobal, deiseanna fostaíochta ardchaighdeáin a chruthú do dhaoine faoi mhíchumas, pá réasúnta agus maireachtála agus cosaintí láidir oibre, agus don timpeallacht áitiúil.

Ba cheart d'údaráis áitiúla oibriú le hinstitiúidí ancaire, ar nós ranna rialtais, ollscoileanna, coláistí agus fostóirí a bhfuil láithreacht fhadtéarmach acu i bpobail chun an bunachar sonraí agus tairseach ar líne a chruthú le haghaidh aighneachtaí atá éasca le húsáid le haghaidh obair chonartha.

Ba cheart d'údaráis áitiúla cumas na ngnólachtaí áitiúla seo a neartú tairiscintí a dhéanamh go rathúil le haghaidh conarthaí tríd an tairseach agus trí imeachtaí a óstáil chun foghlaim conas is féidir próisis tairisceana a dhéanamh níos so-úsáidte. Is féidir é seo a dhéanamh freisin trí úsáid a bhaint as Clásail Shóisialta. Sa chás go bhfostóidh cuideachtaí a n-éiríonn leo conarthaí poiblí móra a fháil cuideachtaí áitiúla chun seirbhísí áitiúla a sholáthar, agus tugtar tosaíocht dóibh siúd le Deimhnithe Fostóra Pá Beo a léiríonn gurb ionann an t-íosphá a íocann siad agus an pá maireachtála.

Ba cheart an pá maireachtála, pá réasúnta, aitheantas ceardchumainn, deiseanna fostaíochta ardchaighdeáin do dhaoine a bhfuil míchumas acu agus critéir shóisialta eile a chur san áireamh nuair is féidir i gcroí-shonraíochtaí na gconarthaí a chuirtear faoi bhráid údaráis áitiúla.

Ar an dóigh seo, tá Sinn Féin tiomanta do neart agus acmhainn gheilleagrach a thógáil, agus poist ardchaighdeáin agus pá réasúnta a fháil do dhaoine ina bpobail áitiúla féin.

MOLANN SINN FÉIN:

- **Go bhforbróidh Comhairlí straitéisí áitiúla chun saibhreas a thógáil chun luach sóisialta a gcaiteachais a uasmhéadú trí chonarthaí a bhronnadh a spreagadh fostóirí áitiúla maithe a thugann tosaíocht do phá maith, aitheantas ceardchumainn, deiseanna fostaíochta ar ardchaighdeán do dhaoine faoi mhíchumas agus a bhfuil freagracht comhshaoil acu.**

PLEANÁIL THRÉDHEARCACH AGUS EITICIÚIL

Bíonn tionchar ag an bpleanáil ar go leor gnéithe dár saol. Bíonn tionchar aige ar an áit agus ar an tslí ina mairimid. Bíonn tionchar aige ar an áit a n-oibrímid, ar an sóisialú agus ar an tslí a mbímid ag taisteal. Tá gá le hionchur áitiúil láidir i bpleanáil bóithre, iompair, bonneagair, tithe agus áiseanna áineasa.

D'eisigh Binse Fiosrúcháin Mahon torthaí diúltacha maidir le híocaíochtaí éillithe le haghaidh athchriosú talún agus ceadanna pleanála i mBaile Átha Cliath. Rinneadh torthaí éillithe i gcoinne comhairleoirí ó Fhianna Fáil, Fine Gael agus Pháirtí an Lucht Oibre. Chaith iar-Chathaoirleach ar Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath agus Bainisteoir Cúnta Cathrach agus Contae Bhaile Átha Cliath seal sa phríosún. Tháinig an Breitheamh Mahon ar an gconclúid go raibh an t-éilliú pleanála tar éis teacht chun cinn toisc nach raibh aon duine sásta é a stopadh. Ar an drochuair, chuir Fianna Fáil agus Fine Gael cosc ar Sinn Féin oifig Rialtóra Pleanála Neamhspleách a thabhairt isteach mar a mhol Mahon.

Déanfaidh ionadaithe tofa Shinn Féin cibé rud a ghlacfaidh sé chun deireadh a chur le neamhghníomh agus éilliú i gcúrsaí pleanála faoi dheireadh is faoi dheoidh - cibé acu i measc ionadaithe tofa nó oifigigh na comhairle.

Tá cuimsiú pobal sa phróiseas pleanála ríthábhachtach chun torthaí rathúla a chinntiú. Ba chóir go mbeadh seiceálacha neamhspleácha ag céimeanna éagsúla de phróiseas na bPleananna Forbartha Cathrach & Contae chun rannpháirtíocht an phobail a chinntiú go dtí an pointe sin. Má theiptear an creidiúnú neamhspleách seo a bhaint amach, ba cheart go ndéanfaí an chéim sin d'fhorbairt an phlean a aisiompú agus go gcaithfí an chuid sin den phróiseas a dhéanamh arís chun cuspóirí rannpháirtíochta pobail a bhaint amach.

Tharraing blianta de scannail i gcúrsaí pleanála agus éilliú míchlú ar an bpróiseas pleanála. Ach seachas an próiseas pleanála a athchóiriú agus é a dhéanamh níos cuntasaí, níl rialtas i ndiaidh rialtais ach ag baint cumhachtaí de chomhairleoirí tofa.

Ní raibh aon athrú le déanaí ar an gcóras pleanála dearfach. Mar gheall ar athruithe straitéiseacha ar fhorbairt tithíochta anois téann forbairtí de 100 aonad nó níos mó faoi bhráid Bhoird Phleanála go díreach, ag seachaint an ghrinnscrúdaithe áitiúil. Tá sé mar an gcéanna do spásanna leapacha mac léinn de 200 leaba nó níos mó.

Tá athruithe le déanaí déanta ag an Aire Eoghan Murphy ó Fhine Gael maidir le treoirlínte árasán, lena n-áirítear airde, íosmhéid agus riachtanais pháirceála carranna leis na pleananna forbartha áitiúla.

Caithfidh an próiseas pleanála a bheith cuntasach, daonlathach, oscailte, chomh inrochtana agus trédhearcach. Tá sé mar aidhm ag Sinn Féin ról níos suntasaí a chruthú do phobail i bpróisis phleanála agus chinnteoireachta agus cuirfidh sé tús áite do na ceantair áitiúla agus do phleananna forbartha contae..

MOLANN SINN FÉIN:

- **Go nglacann Comhairleoirí gealltanas eitice atá nasctha le Cód Iompair Ionadaithe Tofa**
- **Go mbíonn siad cúramach maidir le míchleachtas agus éillitheachta i bpleanáil i ngach ceantar comhairle, agus aon fhianaise ar smachtbhannaí leordhóthanacha a leanúint ina gcoinne siúd a fhaightear ciontach in éilliú, pianbhreitheanna príosúin san áireamh agus abhcóideacht thar ceann Sceithirí a d'fhéadfadh teacht chun cinn chun leas an phobail a chosaint**
- **Na leasuithe pleanála ar mhéideanna árasán agus forbairtí tithíochta straitéiseacha a aisiompú a thug Alan Kelly, Simon Coveney agus Eoghan Murphy isteach**
- **An Rialtóir Pleanála a dhéanamh go hiomlán neamhspleách ar an Aire agus ar an Roinn Tithíochta**
- **Forbróirí a bheith cuntasach trí bhannaí substaintiúla innéacs-nasctha a aisíoc go córasach i gcás go gcomhlíontar go hiomlán coinníollacha pleanála**
- **A chinntiú go bhfuil baint shuntasach ag an bpobal le pleananna forbartha áitiúla a dhréachtú**
- **Príomhaíocht a dhéanamh do phleananna forbartha ceantair áitiúil agus contae**
- **Poitéinseal Líonraí Rannpháirtíochta Poiblí a uasmhéadú a spreagfaidh Sinn Féin chun na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) a ghlacadh**

TÁ BORRADH AGUS TÚS NUA AG TEASTÁIL Ó THUATH NA hÉIREANN

Tá faillí déanta ar phobail i gceantair thuaithe na hÉireann agus meath orthu faoi rialtais i ndiaidh a chéile, d'ainneoin béalghrá tugtha dúinn mar náisiún do phobal na tuaithe.

Díríodh infheistíocht, poist agus bonneagar ar chuid de lárionaid uirbeacha na hÉireann agus tá seirbhísí, poist, bonneagar agus cumarsáid ar iarraidh i gceantair thuaithe agus mar sin d'fhág ár ndaoine óga.

Tá go leor bailte beaga agus sráidbhailte bánaithe ag an déine a tharla iontu tar éis thitim 2008 agus tá siad fós le dul i mbun téarnaimh. Fanann na hoifigí poist, na siopaí beaga agus na stáisiúin pheitril dúnta, agus fásann an phróifíl aoise níos sine agus ní mór dóibh siúd a fhaigheann a n-oideachas dara leibhéal taisteal go coláiste agus gan teacht ar ais. Níl ann aon phost do chéimithe i gceantair thuaithe.

Níl aon chúis ann gur chóir go gcuirfí iallach ar dhaoine óga bogadh go cathracha nó thar lear ar mhaithe le hobair mhaith a fháil. Níl aon chúis ann gur chóir go mbeadh ar leathmhilliún teach Éireannach maireachtáil gan rochtain ar leathanbhanda leordhóthanach. Níl aon chúis ann gur aistríodh stáisiúin na nGardaí níos faide agus níos faide ar shiúl ó do theach, nó go bhfuil an t-iompar poiblí gearrtha siar chomh mór sin go bhfuil sé gan mhaith.

Aithníonn Sinn Féin an áit atá ag pobail tuaithe na hÉireann inár sochaí, agus molaimid tús nua don saol tuaithe chun deireadh a chur le faillí agus aonrú éigeantach na gceantar tuaithe atá i mbaol.

MOLANN SINN FÉIN:

- **Comhpháirtíochtaí a bhunú idir comhlachtaí rialtais áitiúil agus Ciste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann (CISÉ) chun thart ar €1bn a infheistiú sna blianta amach romhainn i lár bailte atá i mbaol agus go díreach isteach i do gheilleagar áitiúil**
- **Comhpháirtí CISÉ le húdaráis áitiúla chun moil leathanbhanda agus spásanna oibre a sheachadadh chun obair iargúlta a chumasú agus chun comaitéireacht a laghdú**
- **Bonneagar faoi úinéireacht BSL a úsáid chun leathanbhanda a rolladh amach chuig an tuath in Éirinn**
- **Níos mó stáisiúin Gardaí a oscailt i gceantair thuaithe, níos mó Gardaí a fhostú agus an teicneolaíocht agus na hacmhainní atá ar fáil dóibh a fheabhsú**
- **Seirbhísí breise stáit a dhíriú trí oifigí poist chun a dtodhchaí a chinntiú**

FORBAIRT RÉIGIÚNACH – GEILLEAGAR NA hÉIREANN A ATHCHOTHROMÚ

Níor bhain cuid mhór dár ngeilleagar ar an oileán tairbhe as sciar fiúntach d'fhás geilleagrach le blianta beaga anuas. Go deimhin, tá Iarthar ár n-oileán, réigiún na teorann, agus go leor áiteanna Oirdheisceart fós ag streachailt mar gheall ar thitim mbancéirí i 2008.

Tá Infheistíocht Dhíreach Eachtrach agus na hionaid fostaíochta ardoilte, dea-íoctha a bhaineann leo lonnaithe i gcathracha móra na hÉireann. Meallann sé seo infheistíocht agus tallann ón gcuid eile dár n-oileán, ag baint ar shiúl as réigiúin agus pobail éagsúla na hÉireann infheistíocht a bhfuil géarghá léi. Mar thoradh air sin, tá meath ag teacht ar go leor gnólachtaí beaga baile.

Tá Fianna Fáil agus Fine Gael ag súil leis go hamaideach go dtosóidh infheistíocht eachtrach ag teacht isteach i gceantar na teorann agus in Iarthar na hÉireann. Ach cén fáth a mbeadh sé, nuair a dhiúltaíonn siad leathanbhanda agus bonneagar bunúsach a sholáthar?

Díreoidh Fine Gael ar Project Ireland 2040 mar straitéis chun aghaidh a thabhairt ar an teip chun éagothroime ollmhór réigiúnach a réiteach. Ach, cosúil le gach plean de chuid Fhine Gael, níl ann ach cleas snasta bolscaireachta - gan saintréithe a bhfuil spriocanna ama leo, a cuireadh le chéile, i ndáiríre, gan aon ionchur dáiríre ó phobail ar fud an oileáin, agus gan amhras a dhéanann faillí ar an teorainn agus ar Iarthuaisceart ár n-oileán i bhfabhar Bhaile Átha Cliath.

Creideann Sinn Féin go bhfuil an t-am chun fanacht agus an dóchas go ndéanfaidh daoine eile post rialtas na hÉireann thart. Tá sé in am infheistíocht a dhéanamh, ár rachmas a úsáid chun rathúlacht phobail ar fud an oileáin a ardú, agus ár ngeilleagar a athchothromú níos mó i dtreo réigiún faoi mhíbhuntáiste agus FBManna intíre. Cuirfidh sé seo fostaíocht ar ardchaighdeán ar fáil atá fréamhaithe i bpobail, agus mar sin déanfar ár n-airgeadas poiblí a chobhsú.

Tá a fhios ag na daoine atá ag maireachtáil agus ag obair i réigiúin ar fud na hÉireann níos fearr ná duine ar bith eile cad é atá ag teastáil, agus tabharfaidh Sinn Féin cumhacht do phobail áitiúla cinneadh a dhéanamh maidir leis an gcaoi ar cheart dá rialtas infheistiú ina gcumas.

MOLANN SINN FÉIN:

- **Comhpháirtíochtaí nua a bhunú idir do Chomhairle áitiúil agus Ciste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann (CISÉ) chun thart ar €1bn a infheistiú sna blianta amach romhainn i lár bailte atá i mbaol agus go díreach isteach i do gheilleagar áitiúil**
- **Straitéis nua ceannródaíoch rialtais a chruthú do FBManna sa bhaile, ag cur lena ról sa gheilleagar, á n-ullmhú le haghaidh athrú teicneolaíochta, agus ag soláthar tacaíocht agus fócas comhionann dóibh siúd atá á cur ar fáil d'infheisteoirí idirnáisiúnta ar feadh na mblianta**

AN BHREATIMEACHT - LEASANNA NA hÉIREANN A CHOSAINT

Tá an Breatimeacht ina bhagairt uathúil agus stairiúil ar pholaitíocht agus ar rathúnas ar oileán na hÉireann.

Maidir le Sinn Féin, tá sé fíorthábhachtach leasanna mhuintir na hÉireann a chosaint, agus níl aon díospóireacht eile le déanamh ar chosaint an Phróisis Síochána, Chomhaontú Aoine an Chéasta agus comhtháthú phobal ár n-oileán.

I gcás phobail na teorann, an pobal is mó a bhí thíos le tionchar na críochdheighilte leis na glúnta, is iad siúd is mó atá i mbaol ó Bhreatimeacht meargánta atá forchurtha orthu ag comhghuaillíocht ón eite dheis de chuid na dTóraithe-DUP.

I ndeireadh na dála, tá deireadh leis an gcríochdheighilt agus an reifreann ar athaontú na hÉireann mar réiteach ar an bhfíorbhagairt seo maidir le meath eacnamaíoch agus deighilt phobal ar ár n-oileán.

Má dhiúltaíonn rialtas na Breataine agus lucht tacaíochta an Bhreatimeachta i Londain an bhagairt de Bhrexit a thógáil, Breatimeacht a bhfuil muintir na hÉireann ina choinne ar an mhórchuid, agus a chaith muintir an Tuaiscirt amach é go daonlathach, is é an t-aon réiteach cuí ná ligean do mhuintir an oileáin seo a dtodhchaí féin a chinntiú – Éire aontaithe agus rathúil san AE, nó Éire dheighilte agus an tuaisceart ceangailte le bád an Bhreatimeachta atá ag dul go tóin poill.

MOLANN SINN FÉIN:

- **Ciste Cobhsaíochta Breatimeachta €2bn a chruthú chun infheistíocht a dhéanamh i gcalafoirt agus i mbonneagar, agus tiocfaidh €1bn as Ciste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann i gcomhpháirtíocht le comhairlí áitiúla chun tacú le FBManna agus le hearnálacha atá i mbaol tar éis an Bhreatimeachta.**
- **Infheistíocht a dhéanamh i seirbhísí poiblí chun caighdeáin mhaireachtála a chosaint do shaoránaigh Éireannacha agus tacú le FBManna**

ÉIRE AONTAITHE

Tá Sinn Féin ag iarraidh Éire nua, aontaithe a thógáil bunaithe ar cheartas, cothroime agus comhionannas. In Éirinn atá comhionann, tá Sinn Féin tiomanta do shochaí níos cuimsithí a thógáil.

Ar fud na hÉireann, beidh obair gach comhairleora de chuid Shinn Féin á stiúradh ag an tiomantas seo i dtreo Aontacht na hÉireann.

Déanfaidh Sinn Féin comhoibriú a chur chun cinn ar fud comhairlí ó thuaidh agus ó dheas trí chomhaontuithe agus socruithe trasteorann atá ann cheana a fheabhsú agus déanfar socruithe nua a bhrú chun cinn freisin.

Cuirfidh Sinn Féin an feachtas le haghaidh Reifrinn Aontachta chun tosaigh, beidh sé i dtús cadhnaíochta ar chomhráití náisiúnta agus idirnáisiúnta ar aontacht na hÉireann agus cuirfidh sé chun cinn iad agus cuirfidh sé tús leis an bpleanáil phraiticiúil le haghaidh athaontú na tíre seo sa deireadh thiar thall. Déanfaimid comhairlí a bhrú chun tairiscintí a chur ar aghaidh chun tacú le haontacht agus chun ullmhúcháin leordhóthanacha a dhéanamh ar leibhéal na comhairle chomh maith le go náisiúnta.

Ní raibh geilleagar deighilte riamh le leas mhuintir na hÉireann. Tá Sinn Féin tiomanta do gheilleagar uile-Éireann a fhorbairt ina dtógfaimid ar chomhoibriú agus ar chomhtháthú seirbhísí atá ann cheana féin ar fud na n-oileán, go háirithe i réimsí na sláinte, an oideachais, an iompair, na talmhaíochta agus na turasóireachta.

Cruthóidh pleanáil uile-Éireann don tsláinte torthaí níos fearr de réir mar a roinntear agus a fhorbraítear seirbhísí ar bhealach éifeachtach. Má bhíonn córas oideachais uile-Éireann ann is amhlaidh go gceadófar comhroinnt acmhainní agus saineolais ar fud an oileáin, go neartófar taighde agus forbairt agus go gcuirfear le fás agus inbhuanaitheacht gheilleagar uile-Éireann.Má bhíonn córas iompair nua-aimseartha agus éifeachtúil in Éirinn, déanfar daoine, earraí agus seirbhísí a bhogadh ar fud an oileáin agus dá réir sin tógfar caipiteal polaitiúil, eacnamaíoch agus sóisialta an oileáin i measc na saoránach go léir. Laghdóidh tionscal talmhaíochta uile-Éireann na constaicí agus an maorlathas a bhaineann le bheith ag obair laistigh de dhá dhlínse ar leith. Mar cheann scríbe turasóireachta den chéad scoth, feicfidh Éire aontaithe a lánacmhainneacht i ngach tír, ó thuaidh agus ó dheas, trí dheiseanna fostaíochta agus eacnamaíocha a chruthú.

Beidh cearta vótála uachtaránachta do shaoránaigh uile na hÉireann ard ar chlár oibre ghníomhaithe uile Shinn Féin. Leanfaidh Sinn Féin le stocaireacht a dhéanamh ar rialtas na hÉireann reifreann 2019 a reáchtáil ar chearta vótála na hUachtaránachta a leathnú chuig saoránaigh atá ina gcónaí sa tuaisceart (agus thar lear), ionas go dtabharfaimid guth do shaoránaigh uile na hÉireann agus muid ag obair le chéile chun tionchar chun Éire aontaithe a mhúnlú.

MOLANN SINN FÉIN:

- **Comhoibriú feabhsaithe idir údaráis áitiúla Thuaidh agus Theas**
- **Pleanáil a dhéanamh ar gach leibhéal d'Éirinn aontaithe**
- **Reifrinn a reáchtáil ar Aontacht na hÉireann agus idir an dá linn chun cearta vótála a leathnú do shaoránaigh Éireannacha sa Tuaisceart**

Aontacht na hÉireann

AG TROID AR DO SHON